Córas Iompair Éireann

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais **2010**




# Ag freastal ar an bpobal sa saol atá i mbun athrú

PRN. A11/0221



# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| Athbhreithniú ar Oibríochtaí | 8 |
| Struchtúr an Ghrúpa | 21 |
| Baill an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa | 22 |
| Ráiteas ar Rialachas Corparáideach | 26 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 29 |
| Tuarascáil an Iniúchóra chuig an Aire Iompair | 30 |
| Príomhbheartais Chuntasaíochta | 32 |
| Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais | 34 |
| Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána | 35 |
| Clár Comhardaithe Comhdhlúite | 36 |
| Clár Comhardaithe na Cuideachta | 37 |
| Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid | 38 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 39 |



Is mian le Córas Iompair Éireann a mbuíochas a chur in iúl le Rialtas na hÉireann as an maoiniú le haghaidh tionscadail mhóra faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus leis an Aontas Eorpach as an gcómhaoiniú.

# Ráiteas an Chathaoirligh 2010



## Ag freastal ar an bpobal sa saol atá i mbun athrú

Macasamhail na n-eagraíochtaí uile i ngeilleagar na hÉireann san am i láthair, tá dúshlán os coinne Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ maidir lena seirbhísí a sholáthar agus dul i ngleic le timpeallacht fhíordhúshlánach airgeadais i gcomhthráth.

Is deacair an dúshlán seo go fóill, ach ní bheifí in ann é a shárú murach bainistiú stuama an Ghrúpa ar an ngnólacht le linn ré an Tíogair Cheiltigh; chuir siad athruithe i bhfeidhm a chruthaigh coigilteas suntasach nuair a bhí seirbhísí i mbun méadú agus bhí sé ullmhaithe ní b'fhearr don chor chun donais dá thoradh.

## Coigilteas agus feabhsúcháin Ghrúpa CIÉ le deich mbliana anuas

A bhuíochas leis na tairbhí a ghabhann le hinfheistíocht, tá seirbhísí méadaithe á gcur ar fáil lena mbaineann éifeachtacht níos fearr, agus tá tús áite tugtha do rialú costas.

**Bhain Grúpa CIÉ an méid seo a leanas amach i rith na tréimhse fáis:**

- Athnuachan ollmhór ar an gcabhlach bus agus iarnróid.
- Infheistíocht i mbonneagar, in áiseanna custaiméirí agus in oibríochtaí cothabhála leis an eispéireas iomlán taistil a fheabhsú.
- Seirbhísí agus bealaí nua sna cathracha agus ar fud na tíre le freastal a dhéanamh ar riachtanais na bpobal atá ag athrú.
- Curiarracht gan sárú maidir le seachadadh an chláir chaipitil faoi mhaoiniú an Státchiste dar luach €4.1 billiún de réir ama agus de réir an bhuiséid.

Ina theannta sin, d'fheidhmíomar go tréan i gcúrsaí rialuithe inmheánacha le linn na bliana agus leanaimid orainn ag athbhreithniú agus ag feabhsú na timpeallachta rialaithe. Chuir ár n-iniúchóirí in iúl nár sonraíodh aon cheisteanna i dtaobh rialú inmheánach ina n-iniúchadh ag a mbeadh tionchar ábhartha ar a dtuairim iniúchta. Thug siad feabhsúcháin faoi deara sa timpeallacht rialaithe le linn na bliana.

Tá dlúthbhaint ag éileamh iompair phoiblí le hOlltáirgeacht Intíre, agus mar fhreagairt ar laghdú ar an éileamh a bhaineann leis an gcúlú geilleagrach, díríodh ar chostais a laghdú agus ar thréanseirbhís iompair phoiblí a sholáthar mar ba ghnách.

Is ísle costais bhliantúla (praghsanna 2010) an Ghrúpa faoi €243 milliún anois ná mar a bheidís dá mba rud é nár chuir an Grúpa réimse beart i bhfeidhm ón mbliain 2001 i leith; d'fhág níos mó ná 1,900 oibreoir in Iarnród Éireann a bpost i rith na tréimhse sin agus níos mó ná 600 fostaí i mBus Éireann agus i mBus Átha Cliath ó lár na bliana 2008 ar aghaidh mar gheall ar fhorbairtí sa teicneolaíocht, ar sheachadadh éifeachtúlachtaí agus ar fhás faoi na seirbhísí.

## Feidhmíocht i rith an chúlaithe gheilleagraigh

**Iarnród Éireann:**

Má amharcaimid ar na cuideachtaí oibríocha go haonarach le roinnt blianta anuas, tá an méid seo a leanas feicthe ag an gcuideachta i gcás Iarnród Éireann:

- Laghdú níos mó ná 31% ar líon na mball foirne idir 2001 agus 2010 ó níos mó ná 6,170 anuas go 4,254.
- Laghdú de chóir a bheith 26% ar chostais ag praghsanna 2010.
- Méadú níos mó ná 77% ar mhílte traenach do sheirbhísí paisinéirí.
- Laghdú 58% ar chostais oibriúcháin iomlána in aghaidh an mhíle traenach.

Go sonrach, ó tháinig an cúlú geilleagrachchun cinn in 2008, thug clár dírithe laghdaithe costais deis d'Iarnród

**IS ÍSLE COSTAIS BHLIANTÚLA (praghsanna 2010) AN GHRÚPA FAOI €243 MILLIÚN ANOIS NÁ MAR A BHEIDÍS DÁ MBA RUD É NÁR CHUIR AN GRÚPA RÉIMSE BEART I BHFEIDHM ÓN MBLIAIN 2001 I LEITH; D'FHÁG NÍOS MÓ NÁ 1,900 OIBREOIR IN IARNRÓD ÉIREANN A BPOST I RITH NA TRÉIMHSE SIN AGUS NÍOS MÓ NÁ 600 FOSTAÍ I MBUS ÉIREANN AGUS I MBUS ÁTHA CLIATH Ó LÁR NA BLIANA 2008 AR AGHAIDH MAR GHEALL AR FHORBAIRTÍ SA TEICNEOLAÍOCHT, AR SHEACHADADH ÉIFEACHTÚLACHTAÍ AGUS AR FHÁS FAOI NA SEIRBHÍSÍ.**

Éireann coigilteas suntasach a chruthú – fiú amháin agus laghduithe ar fhóirdheontas agus ar ioncam san áireamh – agus bunús na seirbhísí a choinneáil ag an am céanna, agus minicíocht seirbhísí a mhéadú ar bhealaí áirithe i gcorrchás go deimhin.

**Tharla an méid seo a leanas amach ón mbliain 2008 i leith:**

- Tháinig laghdú €26.1 milliún ar fhóirdheontas d'Iarnród Éireann, nó beagnach 13.5%, agus tháinig laghdú €31.3 milliún ar an ioncam de thairbhe meathlú ar ghníomhaíocht gheilleagrach.
- Ba é freagairt na cuideachta coigilteas costas oibriúcháin €53 milliún a chruthú sa tréimhse chéanna, chomh maith le leanúint de sheirbhísí méadaithe feabhsaithe a oibriú.
- Tugadh seirbhísí nua isteach le hoscailt na seirbhísí díreacha idir Luimneach agus Gaillimh, líne chomaitéireachta Chorcaí-Mhainistir na Corann, agus an tseirbhís chomaitéireachta idir Dún Búinne (M3) agus Baile Átha Cliath, chomh maith le stáisiúin nua fearacht Chluain Ghrífín agus Pháirc an Fhionnuisce.
- Minicíocht níos fearr ar bhealaí, lena n-áirítear Cathair na Mart-Baile Átha Cliath agus Port Láirge-Baile Átha Cliath agus amanna níos fearr aistir atá dírithe go sonrach ar phríomh-bhuaicsheirbhísí Idirchathrach.

## Bus Átha Cliath

Ghin Bus Átha Cliath brabúis €24 milliún idir 2002 agus 2007. Cuireadh an t-airgead seo isteach sa ghnólacht arís chun seirbhísí na cuideachta do na custaiméirí a fhorbairt ní ba mhó. Tharla na méid seo a leanas de thairbhe clár laghdaithe costais a bhí riachtanach mar gheall ar an laghdú ar éileamh toisc an chúlaithe gheilleagraigh:

- Coigilteas costas oibriúcháin €34.7 milliún nó 11.3% le dhá bhliain anuas, chomh maith le laghdú €16.7 milliún ar an bpárolla.
- Laghdú níos mó ná 400 ar líon na mball foirne ó lár na bliana 2008 anuas go deireadh na bliana 2010, chomh maith le laghdú breise 200 sa chéad ráithe den bhliain 2011.

Baineadh an méid seo amach agus sinn dírithe mar is gnách ar sheirbhís do chustaiméirí agus ar chúrsaí éilimh. Chuir Bus Átha Cliath tús le tabhairt isteach céimnithe, Gréasán Díreach (*Network Direct*), in 2010. Bhí dianphróiseas i gceist le Gréasán Díreach ó thaobh scrúdú ar bhealaí, sainchomhairliúchán poiblí agus taighde ar na bealaí agus ar na seirbhísí uile i ngréasán Bhus Átha Cliath. Seo a leanas cuspóirí Ghréasáin Dhírigh:

- **Bealaí níos dírí:** Déanfar bealaí bus níos éifeachtaí mar thoradh ar níos lú malairtí slí as Mórlánaí Bus (QBCanna). Beidh busanna i mbun feidhme sna bealaí is dírí ó na bruachbhailte go lár na cathrach.
- **Seirbhísí níos minice:** Méadú ar líon na mbealaí agus meánam feithimh cúig nóiméad idir na seirbhísí.
- **Cláir ama chothroma imeachta:** Beidh cláir ama ag níos mó bealaí lena mbainfidh sosanna comhsheasmhacha idir imeachtaí i rith an lae.
- **Busanna níos minice:** Beidh busanna níos minice le sonrú de dheasca gréasáin níos simplí agus comhcheangal roinnt bealaí.
- **Naisc mhéadaithe trasna na cathrach:** Níos mó roghanna do chustaiméirí le taisteal trasna na cathrach gan dul ar bhusanna eile.
- **Poncúlacht níos fearr:** Seirbhísí níos dírí i mbun feidhme ar QBCanna agus tosaíocht fheabhsaithe busanna le hamanna aistir a chinntiú atá iontaofa poncúil.
- **Gréasán níos simplí:** Beidh sé níos fusa do na custaiméirí bealaí Bhus Átha Cliath a thuiscint de bharr gréasáin níos simplí a chomhcheanglóidh roinnt bealaí.

## Bus Éireann

Chuir Bus Éireann brabúis €20 milliún isteach sa ghnólacht arís freisin i rith na tréimhse ardfháis, ach tháinig laghdú ar líon na bpaisinéirí de thairbhe meathlú ar ghníomhaíocht gheilleagrach. D'fhonn aghaidh a thabhairt air seo, agus ar laghduithe ar fhóirdheontas, cuireadh clár laghdaithe costais i bhfeidhm lenar áiríodh an méid seo a leanas:

- Coigilteas costas oibriúcháin €16.9 milliún ón mbliain 2008 i leith.
- Laghdú beagnach 200 ar líon na mball foirne ó lár na bliana 2008 amach.
- Tionscnaimh coigilte fuinnimh.

Dar le tuarascáil choimisiúnaithe Deloitte de chuid na Roinne Iompair, is oibreoir éifeachtúil éifeachtach iompair phoiblí é Bus Éireann i gcomórtas le caighdeáin Eorpacha. Anuas air sin, tugann an tuarascáil le fios go bhfaigheann Bus Éireann níos lú fóirdheontas ná oibreoirí eile dá shamhail san Eoraip. Díríonn an chuideachta ar sholáthar éifeachtúil seirbhís ardchaighdeáin i rith an ama, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú gréasáin ar sheirbhísí sceidealaithe.
- Atheagrú ar sheirbhísí busanna scoile a laghdaigh líon na mbusanna a úsáidtear, chomh maith le tabhairt isteach seirbhísí breise i gcomhthráth.
- Clár laghdaithe costais leis an bhfoireann a ndearnadh idirphlé ina leith.
- Uasmhéadú ioncaim de bharr feachtas spriocdhírithe margaíochta.

Baineadh an méid seo amach agus rátálacha arda á gcoinneáil i dtaighde neamhspleách maidir le sástacht na gcustaiméirí agus spriocanna feidhmíochta an Údaráis Iompair Náisiúnta á gcomhlíonadh.



# Ráiteas an Chathaoirligh 2010 (ar lean)

## Cláir um infheistíocht chaipitil

I dteannta seirbhísí agus cúrsaí airgeadais a bhainistiú, bhí curiarracht gan sárú ag Grúpa Cuideachtaí CIÉ freisin maidir le seachadadh cláir chaipitil de réir an bhuiséid faoi Iompar 21; cuideoidh sé seo lenár ngréasáin iompair amach anseo.

**Áirítear an méid seo a leanas le cúrsaí infheistíochta:**

- Tabhairt isteach busanna ísealurláir i ngach seirbhís chathrach de chuid Bhus Éireann ón mbliain 2000 i leith.
- Tabhairt isteach cóistí atá oiriúnach do chathaoir rothaí i ngach seirbhís idiruirbeach agus seirbhís chomaitéireachta ón mbliain 2007 i leith.
- Tabhairt isteach busanna ísealurláir i gcabhlach Bhus Átha Cliath ón mbliain 2000 i leith, a fheabhsaíonn cúrsaí inrochtaineachta. Faoi láthair, tá 88% de chabhlach Bhus Átha Cliath ina bhfeithiclí ísealurláir atá oiriúnach do chathaoir rothaí.
- Áiseanna nua stáisiún bus do chustaiméirí agus áiseanna cothabhála d'fhonn iontaofacht na seirbhísí a chinntiú.
- Cabhlach claochlaithe carráiste iarnróid Idirchathrach, comaitéireachta agus DART; is é cabhlach Idirchathrach an cianchabhlach is nuaí san Eoraip anois.
- Cumas méadaithe bonneagair faoi choinne fáis amach anseo, lena n-áirítear cumas stáisiún, athchomharthú agus leagan ceithre rian, síneadh ardán agus forbairt Stáisiún Cheantar na nDugaí.
- Línte nua, ar nós Mhainistir na Corann, Dhún Búinne agus na chéad chéime de Bhealach Iarnróid an Iarthair; stáisiúin nua agus cinn eile le tógáil go fóill.

Tá sé ríthábhachtach do bhorradh geilleagrach na tíre amach anseo go gcuirimid infheistíocht san iompar poiblí go leanúnach. Tá Iarnród Éireann ag cuardach Ordú Iarnróid faoi láthair le haghaidh DART faoi Thalamh. D'ainneoin easpa airgid an Státchiste, níl aon amhras faoi ach gurb é an tionscadal seo an clár is tábhachtaí i ndáil le méadú chumas an iompair phoiblí agus le hathruithe a chur i bhfeidhm ón gcarr príobháideach go modhanna níos inbhuanaithe. I dteannta tionscadail lena mbaineann, tá sé de chumas ag DART faoi Thalamh gréasán Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a mhéadú faoi thrí go níos mó ná 100 milliún aistear paisinéara gach bliain.

**TIOCFAIDH AN TÍR SEO AS AN GCÚLÚ GEILLEAGRACH AGUS NÍ FOLÁIR GO MBEIDH SÉ AR CHUMAS AN IOMPAIR PHOIBLÍ FEIDHM LÁRNACH A IMIRT I BHFORBAIRT ÁR SOCHAÍ, I NEARTÚ ÁR BPOBAIL AGUS I BHFÁS ÁR NGEILLEAGAIR AMACH ANSEO.**

**Seo a leanas roinnt príomhthionscadail eile:**

- Infheistíocht chéimnithe sa ghréasán Idirchathrach le luasanna ar línte iarnróid a fheabhsú.
- Cumas méadaithe an ghréasáin, lena n-áirítear athchomharthú agus díchur crosairí comhréidhe.
- Leictriú línte iarnróid thart faoi cheantar Bhaile Átha Cliath leis an DART a chur a fhad le Maigh Nuad, le Droichead Átha agus le Collchoill.
- Scrúdú ar nasc iarnróid DART chuig an aerfort le nasc ardchumais ar chostas íseal a chur ar fáil do ghréasán iarnróid Bhaile Átha Cliath agus don ghréasán iarnróid náisiúnta.
- Tabhairt isteach leanúnach córas um Uathláthair Feithicle le haghaidh seirbhísí bus uirbeacha agus náisiúnta.
- Forbairt leanúnach ar bhearta tosaíochta bus i ngach ceantar uirbeach le seachadadh iontaofa éifeachtúil seirbhísí bus a chinntiú.
- Leas a bhaint as teicneolaíocht forbartha le seirbhís do chustaiméirí, le héifeachtacht agus leis an timpeallacht a fheabhsú.

Tiocfaidh an tír seo as an gcúlú geilleagrach agus ní foláir go mbeidh sé ar chumas an iompair phoiblí feidhm lárnach a imirt i bhforbairt ár sochaí, i neartú ár bpobail agus i bhfás ár ngeilleagair amach anseo. Leanfaidh Grúpa Cuideachtaí CIÉ orainn, i saol atá i mbun athrú, ag cinntiú go mbeimid tiomanta don chúram sin sa dóigh is fearr ó thaobh thraidisiún na seirbhíse poiblí de.

Ba shárshampla é de thraidisiún na seirbhíse poiblí na foirne bus agus iarnróid i rith na crua-aimsire a bhí le sonrú i mí Eanáir agus i mí na Samhna/na Nollag 2010, nuair a lean oibrithe iompair phoiblí orthu i mbun oibre i gcoinníollacha garbha chun ár seirbhísí a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Is mór againn a ndílseacht agus a ndúthracht agus ba dheas an t-aiseolas a fuarthas ó chustaiméirí um an dtaca sin.

## Torthaí oibriúcháin an Ghrúpa

Is ionann toradh oibriúcháin Ghrúpa CIÉ don bhliain 2010 roimh mhíreanna eisceachtúla agus easnamh €22.5 milliún (2009: €36.9 milliún) in éineacht le laghdú eile 5.9% ar líon na bpaisinéirí i gcomparáid le 2009.


Tabhaíodh costais eisceachtúla lenar bhain costais téarfa dheonaigh €31.1 milliún sa Ghrúpa ar fad le linn na bliana. Tar éis míreanna eisceachtúla a chur san áireamh, is ionann an glantoradh do Ghrúpa CIÉ agus easnamh €53.6 milliún (2009: €77.7 milliún).

**Léiríonn achoimre ghearr ar thorthaí oibriúcháin an Ghrúpa an méid seo a leanas:**

Bhí easpa oibriúcháin €36 milliún ag Iarnród Éireann in 2010. Thit aistir phaisinéirí faoi 0.6 milliún ó 38.8 milliún in 2009 anuas go 38.2 milliún in 2010; b'ionann é seo agus laghdú 1.5% ar líon na bpaisinéirí i gcaitheamh na bliana.

Bhí easnamh €22.1 milliún ag Bus Átha Cliath don bhliain. B'ionann líon aistir na bpaisinéirí in 2010 agus 119 milliún i gcomparáid le 128.3 milliún in 2009; laghdú 9.3 milliún ba ea sin (7.2%).

Bhí easnamh €2.2 milliún ag Bus Éireann in 2010. Bhí laghdú 11.8% ar líon na bpaisinéirí a bhain úsáid as Bus Éireann in 2010. Taifeadadh 37.2 milliún aistear paisinéara in 2010 agus taifeadadh 42.2 milliún in 2009.




## Iarnród Éireann

### Coigilteas a rinneadh

Choinnigh Iarnród Éireann lena gcláir laghdaithe costais le tionchar an choir chun donais gheilleagraigh a mhaolú. Baineadh coigilteas costais oibriúcháin €12.8 milliún in 2010 amach ag leibhéil chaiteachais 2009. Baineadh an coigilteas seo amach trí dhianrialú costas agus líon foirne, bhí gach gné de ghnó na cuideachta páirteach agus bhíothas ábalta na seirbhísí uile a choinneáil ag gabháil do chustaiméirí agus, go deimhin, bhíothas in ann roinnt réimsí a fhairsingiú.

### Féinseirbhís do chustaiméirí

Leanadh den mhéadú ar dhíol ticéad Idirchathrach tríd an suíomh gréasáin, www.irishrail.ie; gineadh níos mó ná €30 milliún ó ioncam ó phaisinéirí tríd an suíomh gréasáin in 2010.

Maidir le réimsí an DART agus na Comaitéireachta, bhí laghdú ar spleáchas Iarnród Éireann ar oifigí áirithinte le foireann a bhuíochas le tuilleadh úsáide as uathdhíoltóir ticéad agus le tabhairt isteach Cártaí Cliste Iarnróid.

### Oibríochtaí

Chinntigh Iarnród Éireann, i ndiaidh tréaniarracht a dhéanamh, gur lean na seirbhísí iarnróid uile i mbun feidhme le linn an dúgheimhridh i mí Eanáir agus i mí na Nollag 2010. Cuireadh isteach go mór ar mhodhanna eile iompair agus ba é aistriú cóir iompair go hiarnród a bhí mar thoradh air seo. Bhí tionchar dearfach airgeadais aige seo ar an gcuideachta ar ndóigh. Sa mhullach air sin, neartaigh an chuideachta a n-úsáid as na meáin shóisialta i rith an ama seo d'fhonn cabhrú le custaiméirí lena gcuid bpleananna taistil.

### Lasta

Baineadh barrachas measartha €0.8 milliún amach i ndáil le hoibríochtaí lasta in 2010. D'fhéadfá a rá go bhfuil an rannóg lasta seo ar ais ar a seanléim de thoradh clár rathúil. Bhí gnó úr, go háirithe méadú na gníomhaíochta ó Bhéal an Átha ó roinnt custaiméirí lasta ina láimh chúnta chuige sin.

### Calafort Ros Láir

Bliain bhrabúsach eile ba ea í do Chalafort Ros Láir; bhí barrachas €1.6 milliún aige don bhliain 2010, ach bhí an gnólacht thíos leis an gcúlú leanúnach geilleagrach – bhí an t-ioncam síos 7.6% i gcomparáid le 2009.



# Ráiteas an Chathaoirligh 2010 (ar lean)

## Bus Átha Cliath

Tuigeann Bus Átha Cliath a thábhachtaí atá an teicneolaíocht nua maidir le seirbhís nua-aimseartha bus a chinntiú. Tá ionchais na gcustaiméirí tar éis teacht chun cinn agus bíonn siad ag súil anois le rochtain fhurasta ghasta ar fhaisnéis reatha faoi sheirbhísí. Tá Bus Átha Cliath ag cur fhorfheidhmiú a gcláir Rialú agus Uathláthair Feithicle (AVLC) chun cinn. Éascóidh an clár seo soláthar Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI) do chustaiméirí trí shraith meán, lena n-áirítear gutháin phóca, suíomh gréasáin Bhus Átha Cliath, www.dublinbus.ie, agus taispeántais sráide a sholáthróidh an tÚdarás Iompair Náisiúnta (NTA) agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ina theannta sin, i mí Lúnasa 2010 sheol Bus Átha Cliath seirbhís Pleanála Bealaí ar líne ar a suíomh gréasáin, www.dublinbus.ie. Ionchorpraíonn an áis Pleanála Bealaí láithreacha Chóras Suite Dhomhanda (GPS) gach stad bus de chuid Bhus Átha Cliath, chomh maith leis na bealaí uile de chuid Bhus Átha Cliath a dhéanann freastal ar gach stad. Ligeann an áis Pleanála Bealaí don chustaiméir pointe 'ó' agus 'chuig' a chur isteach ach seoltaí nó uimhreacha stad bus a úsáid.

## Bus Éireann

Bhí tionchar mór ag an méadú ar an dífhostaíocht agus ar an laghdú ar dhíolacháin mhiondíola de bharr an mheathlaithe leanúnaigh ar an ngeilleagar ar líon na bpaisinéirí sa bhliain 2010. Rinneadh coigilteas suntasach sa phárolla agus i gcostais oibriúcháin mar gheall ar ghéarú a bpleananna leanúnacha laghdaithe costais i rith na bliana 2010. Bhíothas in ann gréasán cuimsitheach comhtháite iompair seirbhísí a chur ar fáil ag an am céanna.

### Seirbhísí a chothabháil

I rith na haimsire contráilte a bhuail an tír i mí Eanáir agus i mí na Nollag 2010 ina raibh droch-choinníollacha oibriúcháin le sonrú, choinnigh Bus Éireann – a bhuíochas le cúnamh na Roinne Iompair agus na Roinne Oideachais, an Gharda Síochána, an Údaráis um Bóithre Náisiúnta agus na n-údarás áitiúil – an chuid ba mhó dá seirbhísí ar fáil agus sholáthair siad seirbhísí speisialta Lá Nollag do phaisinéirí a raibh moill orthu ag teacht isteach sa tír de thoradh an chuir isteach ar aerthaisteal. Sa mhullach air sin, nuair a b'éigean do mhórán aerfort dúnadh go luath in 2010 de bharr luaithreamhán bolcánach, chuir seirbhís Eurolines de chuid Bhus Éireann nasc ríthábhachtach iompair ar fáil idir Éire, an R.A. agus Mór-roinn na hEorpa.

### Forbairtí sa teicneolaíocht

Le linn na bliana, thug Bus Éireann córas nua Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí isteach ar fud na tíre. Bhí Bus Éireann ar cheann de na chéad oibreoirí iompair phoiblí san Eoraip a chuir a leithéid de chóras cuimsitheach i bhfeidhm. Tugann an córas ar leith seo an fhaisnéis is déanaí do chustaiméirí faoi bhusanna isteach agus faoi bhusanna amach ag stadanna bus ar fud ghréasán na cuideachta.

## Réadmhaoin Ghrúpa

Tá Réadmhaoin Ghrúpa ag plé le tionscadail mhóra i láthair na huaire i mBaile Átha Cliath (Duga Spencer, Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid na Teamhrach agus Sráid na Mainistreach) agus san Fhaiche Mhór i nGaillimh. Ina theannta sin, soláthraíonn siad seirbhísí proifisiúnta i gcomhair thionscadail éagsúla bhonneagair Iarnród Éireann.

## Turais Idirnáisiúnta CIÉ

Bhain Turais Idirnáisiúnta CIÉ (*CIE Tours International*) méadú amach ar líon na bpaisinéirí agus ar an ioncam i rith 2010. B'athrú é seo ar an laghdú a bhí le sonrú in 2008 agus in 2009. Rinneadh €38 milliún agus ba mhéadú €5.6 milliún nó 17% é seo ar an mbliain roimhe sin. Sholáthair an chuideachta turasóireacht chóistí agus pacáistí neamhspleácha saoire do 36,000 duine in 2010; ba mhéadú é sin de chóir a bheith 4,000 duine nó 12% ar an mbliain roimhe sin. D'fhéadfá a rá gur éirigh thar barr leo in ainneoin an chuir isteach ar an taisteal idirnáisiúnta de thairbhe luaithreamhán bolcánach in earrach na bliana 2010.

Is é margadh Mheiriceá Thuaidh an príomh-mhargadh ina ndíolann an chuideachta. B'ionann an margadh seo agus 76% de líon na bpaisinéirí agus 89% den ioncam in 2010. Tháinig an chuid eile de na paisinéirí ón Eoraip, go háirithe na tíortha Lochlannacha, ón Astráil agus ón Nua-Shéalainn.

## Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)

In ainneoin an laghdaithe mhóir ar an margadh fógraíochta allamuigh, d'fhógair an Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN), atá freagrach as bainistiú phunann fógraíochta allamuigh CIÉ lena n-áirítear láithreacha bus agus iarnróid, go raibh toradh maith acu don bhliain.

# Ráiteas an Chathaoirligh 2010 (ar lean)

I mí na Nollag 2010, thug Bord CIÉ comhaontú ceadúnais trí bliana do chuideachta phríobháideach chun a gcuid gnó allamuigh a bhainistiú i gcomaoin táille ráthaithe agus scair chéatadáin den ghlanioncam. Anois agus iad i gcomhpháirtíocht lena chéile, tá an dá chuideachta réidh le dul san iomaíocht go rathúil sa mhargadh agus brabúis a uasmhéadú don Ghrúpa.

## Buíochas

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na hIar-Airí Iompair, an tUasal Noel Dempsey, T.D., agus an tUasal Pat Carey, T.D., as ucht a gcuid tacaíochta, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl le hoifigigh na Roinne Iompair agus an Údaráis Iompair Náisiúnta as ucht a gcuid cabhrach chomh maith. Táim ag tnúth go mór leis an gcaidreamh leis an Rialtas úr agus leis an Aire nua Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Leo Varadkar, T.D., i leith a bhfuil i ndán don iompar poiblí in Éirinn.

Táim buíoch den Rialtas roimhe seo chomh maith, agus den Iar-Thaoiseach agus den Iar-Aire Airgeadais go háirithe, as ucht na mórthionscadal infheistíochta ar tugadh fúthu faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus as ucht an tiomantais a tugadh faoin bplean, Iompar 21, a fógraíodh i mí na Samhna 2005 a bhí ríthábhachtach maidir le feabhsú an iompair phoiblí in Éirinn.

Tá an Bord fíorbhuíoch chomh maith as an gcómhaoiniú de chuid Chiste Struchtúrtha an AE a fuarthas.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill foirne Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ as ucht a n-iarrachtaí leanúnacha i rith na bliana, go háirithe Príomhfheidhmeannaigh Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, an tUasal Joe Meagher agus an tUasal Tim Hayes, a d'éirigh as oifig i rith 2010 tar éis blianta fada de sheirbhís luachmhar a thabhairt don Ghrúpa.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill den Bhord agus le stiúrthóirí fhochuideachtaí uile an Bhoird don chabhair agus don tacaíocht leanúnach a thug siad domsa go pearsanta agus as ucht a gcuid ama a thabhairt chun freastal ar na Boird agus ar an mórán coistí agus grúpaí comhairleacha ríthábhachtacha atá ann laistigh de Ghrúpa CIÉ.

An Dr J. J. Lynch
Cathaoirleach



# Athbhreithniú ar Oibríochtaí



Léiríonn torthaí oibriúcháin Ghrúpa CIÉ don bhliain 2010 easnamh €52.5 milliún sula gcuirtear coigeartú FRS 17 – Cuntasaíocht do Shochair Scoir, san áireamh. Tar éis cheanglais FRS 17 a chur san áireamh, is é €53.6 milliún an t-easnamh i gcomparáid le heasnamh €77.7 milliún in 2009. Léiríonn an tábla seo a leanas na torthaí oibriúcháin le haghaidh na bliana 2010.


Cé go raibh coinníollacha cúlaitheacha le sonrú i rith an ama le linn 2010, chuir gach cuideachta sa Ghrúpa a gcláir chuimsitheacha laghdaithe costais féin i bhfeidhm. Bhí an beart seo ina ábhar le coigilteas €53.9 milliún i gcostais oibriúcháin agus €21.5 milliún i gcostais phárolla i gcomparáid le 2009. D'fhritháirigh na laghduithe seo an titim €30.7 san ioncam agus an laghdú €27.8 milliún ar íocaíochtaí Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí a fuarthas ón Rialtas in 2010.

Tabhaíodh míreanna eisceachtúla lenar bhain costais téarfa dheonaigh €31.1 milliún sa Ghrúpa ar fad le linn na bliana; ba laghdú €9.7 milliún é seo ar an mbliain roimhe.

| | 2010<br>€M | 2009<br>€M |
|---|---|---|
| Ioncam | | |
| Íocaíochtaí deontais Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus | **711.3** | 742.0 |
| deontas Sábháilteachta Iarnróid | **288.2** | 316.0 |
| **Ioncam Iomlán** | **999.5** | 1,058.0 |
| Costais a bhaineann le párolla | **(580.7)** | (602.2) |
| Costais eile oibriúcháin | **(438.9)** | (492.8) |
| Costais airgeadais | **(2.0)** | (0.8) |
| Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | **0.7** | 3.5 |
| **Costais Iomlána** | **(1020.9)** | (1092.3) |
| Easnamh roimh Chostais Eisceachtúla agus coigeartuithe FRS 17 | **(21.4)** | (34.3) |
| Chostais Eisceachtúla | **(31.1)** | (40.8) |
| **Easnamh roimh choigeartuithe costas pinsin FRS 17** | **(52.5)** | (75.1) |
| Coigeartuithe costas pinsin FRS 17 | **(1.1)** | (2.6) |
| **Easnamh oibriúcháin, lena n-áirítear coigeartuithe costas pinsin FRS 17** | **(53.6)** | (77.7) |


# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

## IONCAM AN GHRÚPA 2004-2010




Léiríonn íocaíochtaí deontais Oibleagáide na Seirbhíse Poiblí (PSO) agus na Sábháilteachta Iarnróid arb fhiú €288.2 milliún iad laghdú €27.8 milliún ar an mbliain 2009. Ina theannta sin, fuair an Grúpa maoiniú Státchiste €429.4 milliún le haghaidh caiteachas caipitil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP). B'ionann infheistíocht an Ghrúpa i sócmhainní seasta sa bhliain 2010 agus €410.7 milliún (2009: €454.1 milliún).

## INFHEISTÍOCHT AN GHRÚPA I SÓCMHAINNÍ SEASTA 2004-2010






# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)



## Cuideachtaí an Ghrúpa

Tá athbhreithnithe mionsonraithe ar na hoibríochtaí i leith Iarnród Éireann, Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann le fáil i dTuarascáil Bhliantúil ar leith de chuid gach cuideachta.

## Iarnród Éireann

Is é an toradh oibriúcháin don bhliain 2010 easnamh €14.2 milliún (€4 mhilliún in 2009), ach is é an toradh iomlán easnamh €36 milliún (€32 milliún in 2009) tar éis míreanna eisceachtúla. Bhí laghdú €15.5 milliún (9.1%) ar fhóirdheontas an Státchiste in 2010.

Cé go raibh an timpeallacht gheilleagrach an-dúshlánach i rith 2010, cobhsaíodh líon na bpaisinéirí beagán tar éis na laghduithe móra in 2009. Rinneadh 38.2 milliún aistear paisinéara ar an ngréasán in 2010; ba laghdú 0.6 milliún nó 1.5% é seo. Thit an t-ioncam don bhliain faoi €7.4 milliún (3.7%) go €190.2 milliún i gcomórtas le 2009.

### Coigilteas a Rinneadh

Choinnigh Iarnród Éireann lena gcláir laghdaithe costais le tionchar an choir chun donais gheilleagraigh a mhaolú. Baineadh coigilteas costais €19.5 milliún in 2010 amach ag leibhéil chaiteachais 2009.

- Laghdú comhsheasmhach ar líon na ndaoine ón mbliain 2001 i leith ó níos mó ná 6,170 anuas go 4,254 in 2010. Laghdú 245 ar líon na mball foirne anuraidh.
- Laghdú ar chostais phárolla ó €247.6 milliún in 2008 anuas go €234.9 milliún in 2010.
- Laghdú ar chostais eile oibriúcháin ó €174.9 milliún anuas go €134.5 milliún sa tréimhse chéanna.

Baineadh an coigilteas seo amach trí dhianrialú costas agus líon foirne, bhí gach gné de ghnó na cuideachta páirteach agus bhíothas ábalta na seirbhísí uile a choinneáil ag gabháil do chustaiméirí agus, go deimhin, bhíothas in ann roinnt réimsí a fhairsingiú.

Baineadh an coigilteas amach in 2010 in ainneoin méaduithe €4 mhilliún ar chostas breosla agus táillí breise PRSI arbh ionann iad agus €1.2 milliún.

**CHOINNIGH IARNRÓD ÉIREANN LENA GCLÁIR LAGHDAITHE COSTAIS LE TIONCHAR AN CHOIR CHUN DONAIS GHEILLEAGRAIGH A MHAOLÚ. BAINEADH COIGILTEAS COSTAIS €19.5 MILLIÚN IN 2010 AMACH AG LEIBHÉIL CHAITEACHAIS 2009.**

### Poncúlacht Traein Phaisinéirí in 2010

Léirigh torthaí na bliana iomláine do phoncúlacht traein phaisinéirí tréanfheidhmíocht leanúnach i gcaitheamh na bliana iomláine. Chuir drochaimsir isteach ar thorthaí míosúla aonair na dtréimhsí déanacha sa bhliain, agus chuir srianta luais sealadacha isteach ar sheirbhísí Idirchathrach. Léiríonn torthaí iomlána na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2010 cur i gcrích sprice ar fhormhór na mbealaí maidir le cúrsaí poncúlachta (in am nó taobh istigh de 10 nóiméad den sceideal do gach seirbhís; gan DART san áireamh, a tomhaiseadh in am nó taobh istigh de chúig nóiméad den sceideal do gach seirbhís).


**Seirbhísí Idirchathrach in am nó i ngiorracht 10 nóiméad den sceideal**

| Bealach | Sprioc % | Toradh |
|---|---|---|
| Port Láirge | 90 | 96.8 |
| Gaillimh | 90 | 94.4 |
| Sligeach | 90 | 94.3 |
| Trá Lí | 90 | 94.3 |
| Ros Láir | 90 | 93.9 |
| Luimneach | 90 | 93.5 |
| Béal Feirste | 90 | 92.5 |
| Corcaigh | 90 | 92.0 |
| Cathair na Mart | 90 | 88.7 |

| Seirbhísí comaitéara agus DART in am nó i ngiorracht 5 nóiméad den sceideal | | |
|---|---|---|
| **Bealach** | **Sprioc %** | **Toradh** |
| An Tuaisceart | 90 | 97.5 |
| Maigh Nuad | 90 | 98.0 |
| Cill Dara | 90 | 97.3 |
| DART | 87 | 93.6 |

## Cárta Cliste Comaitéara/DART

Tugadh isteach an Cárta Cliste Iarnróid go rathúil, mar bheart eatramhach roimh an gcóras lánchomhtháite ticéadaithe, lena úsáid i gcomhair seirbhísí DART agus Comaitéara laistigh de 'chrios an aistir bhig' (an limistéar a ndéanann Baile Brigín teorainn leis ó thuaidh, Maigh Nuad agus Collchoill siar uaidh agus na Clocha Liatha/ Cill Chomhghaill ó dheas). Tá na geataí agus na cuaillí riachtanacha 'clibeála/díchlibeála' suiteáilte sna stáisiúin sa cheantar forfheidhmithe. Tá os cionn 26,000 Cárta Cliste Iarnróid á n-úsáid faoi láthair agus is é seo a leanas briseadh síos na gcártaí:




## Oibríochtaí

Leathnaíodh an gréasán in 2010; osclaíodh dhá bhealach nua de thoradh infheistíocht Iompar 21. Osclaíodh an líne idir Dún Búinne/Ollpháirc M3 agus Cluain Saileach agus Bealach Iarnróid an Iarthair idir Luimneach agus Gaillimh le linn na bliana.

Osclaíodh Cluain Ghrífín, stáisiún DART a thóg forbróir, agus tá stáisiún DART Bhóthar Lansdún ag baint tairbhe as na feabhsúcháin a rinneadh faoi choinne rochtana ar Staidiam úr Aviva.

Cé go ndearna Iarnród Éireann a seacht ndícheall a chinntiú go gcoinneofar na seirbhísí DART, comaitéara agus Idirchathrach ar mhóramh na mbealaí i mbun feidhme i rith an chúlaithe gheilleagraigh, d'fhormheas an tÚdarás Iompair Náisiúnta iarratas na cuideachta seirbhísí a chur ar fionraí ar an líne idir Ros Láir agus Port Láirge siocair nach mbaintear mórán úsáide aisti agus go bhfuil airgead á chailleadh uirthi.

Cuireadh na sceidil ar dhrong bhealaí chun feabhais in 2010 agus bhí an rath faoi thriail chun teicneolaíocht Wi-Fi a chur ar fáil ar seirbhísí Bhaile Átha Cliath-Chorcaí. Tabharfar Wi-Fi isteach i gcabhlach iomlán Bhaile Átha Cliath-Chorcaí in 2011.

Tugadh mearsheirbhísí maidine agus tráthnóna isteach in 2010 idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath lena mbaineann am aistir 2 uair agus 30 nóiméad, agus idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath lena mbaineann am aistir 2 uair agus 15 nóiméad. Táthar in ann Baile Átha Cliath a shroicheadh roimh a naoi a chlog ar maidin de bharr na seirbhísí mealltacha ar leith seo.

## Conradh Seirbhíse Poiblí (PSC)

Shínigh Iarnród Éireann Conradh foirmiúil Seirbhíse Poiblí leis an Údarás Iompair Náisiúnta (NTA). Cuireadh an conradh seo in ionad an Mheabhráin Tuisceana leis an Roinn Iompair roimhe sin.

Leagann an PSC amach leibhéal na seirbhísí a bhfuiltear ag súil leis go gcuirfidh Iarnród Éireann i gcrích i gcomaoin fóirdheontais a fhaightear. Tá 10% de luach an fhóirdheontais i mbaol mura mbaintear amach na spriocanna uile.





# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

## Tarbhealach Mhullach Íde

Chuir an tAonad neamhspleách um Imscrúdú ar Thimpistí Iarnróid (*Rail Accident Investigation Unit*/RAIU) a dtuarascáil ar thimpiste Tharbhealach Mhullach Íde, a tharla i mí Lúnasa 2009, i gcló an 16 Lúnasa 2010. Leagadh síos trí mholadh déag sa tuarascáil d'Iarnród Éireann lena gcur i ngníomh, moladh amháin don Choimisiún Sábháilteachta Iarnróid (RSC), agus cómholadh d'Iarnród Éireann agus don RSC araon.

Cuireadh plean gníomhaíochta Iarnród Éireann i láthair ag cruinniú Bhord Iarnród Éireann i mí Iúil 2010 sular foilsíodh tuarascáil an RAIU agus choimeád an RAIU cuntas ar an méid sin. Cuireadh ráiteas mionsonraithe ar dhul chun cinn san áireamh i gCodanna 43 agus 44 de thuarascáil deiridh an RAIU.

Tá an-dul chun cinn déanta ag Iarnród Éireann maidir leis an bplean gníomhaíochta a comhaontaíodh d'fhonn moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm, agus tá an obair seo ar bun go fóill.

## Sábháilteacht agus Slándáil

Rinneadh dul chun cinn suntasach i mórán de na príomhphleananna gníomhaíochta sábháilteachta i rith 2010 agus léirigh torthaí dheireadh na bliana gur coinníodh leis an dul chun cinn ar réimse príomhtháscairí agus feabhas ar leith i dtaobh thimpistí aga dhíomhaoin na foirne.

## DART faoi Thalamh

Tá tionscadal DART faoi Thalamh i gcéim III i láthair na huaire – dearadh mionsonraithe agus iarratas Ordú Iarnróid.

Cuireadh an t-iarratas Ordú Iarnróid faoi bhráid an Bhoird Phleanála (ABP) an 30 Meitheamh 2010. Cuireadh tús leis an éisteacht ó bhéal an 22 Samhain agus lean sí ar aghaidh go dtí gur cuireadh í ar athló an 17 Nollaig 2010. Ationóladh í an 10 Eanáir 2011.

D'fhógair ABP go ndéanfar cinneadh faoin iarratas Ordú Iarnróid sa chéad leath den bhliain 2011. Tá Iarnród Éireann ag súil le hOrdú éifeachtach Iarnróid sa tríú ráithe in 2011.

# Bus Átha Cliath

Bhí easnamh €22.1 milliún ag Bus Átha Cliath don bhliain 2010 i gcomparáid le heasnamh €12.9 milliún in 2009. Ós rud é go gcuireann an cúlú geilleagrach isteach ar mhuinín na dtomhaltóirí agus ar chaitheamh airgid dá bharr, tá laghdú 9.3 milliún feicthe ag Bus Átha Cliath ar líon na bpaisinéirí anuas go 119 milliún i ndáil le turais in 2009, chomh maith le laghdú 7.2% ar an ioncam ó €196.3 milliún in 2009 anuas go €182.1 milliún in 2010. Ba lámh chúnta an coigilteas i gcostais oibriúcháin trí na cláir laghdaithe costais a cuireadh i bhfeidhm sa chuideachta trí chéile agus trí thabhairt isteach Gréasán Díreach le linn na bliana chun an laghdú seo ar an ioncam agus ar íocaíochtaí Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí a fhaightear ón Stát a dhiúltú.

D'fhreagair Bus Átha Cliath go bríomhar ar an timpeallacht fhíordhúshlánach gheilleagrach. De thoradh athdhearadh an Ghréasáin, tá laghdú 180 bus ar an gcabhlach go nuige seo. Bhíothas in ann líon na foirne a laghdú agus coigilteas caiteachais a ghineadh i leith cothabháil cabhlaigh agus breosla dá bharr.

Tháinig laghdú €21.3 milliún ar chostais oibriúcháin in 2010, tháinig méadú €3.4 milliún ar chostais bhreosla agus bhí laghdú 172 (5%) ar líon na mball foirne le linn na bliana.

Níl ach tionchar teoranta ag na hathruithe seirbhíse ar na custaiméirí. Go deimhin, tá a mbunús uile ag baint tairbhe as seirbhís níos fearr de thairbhe minicíocht mhéadaithe ar bhealaí níos dírí.

Seo a leanas straitéis iomlán Bhus Átha Cliath chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí airgeadais de bharr an chúlaithe gheilleagraigh:

(i) Gréasán na mbealaí a atógáil agus a nuachóiriú tríd an tionscadal, Gréasán Díreach, le níos mó bealaí díreacha a chur ar fáil sna conairí ar fad, mar aon le seirbhísí rialta minice. Ina theannta sin, cuirfidh Bus Átha Cliath tairbhí an ghréasáin nua chun cinn i measc daoine nach mbaineann úsáid as le tuilleadh custaiméirí a mhealladh;

(ii) Cláir ama sheirbhíse a choigeartú de réir feabhsúchán ar amanna reatha, bearta tosaíochta bus agus athrú ar an éileamh;

(iii) Laghduithe cabhlaigh a bhaint amach trí (i) agus (ii) thuas le laghdú mór a chur ar an ngá le hathsholáthar cabhlaigh i gcaitheamh bhlianta deacra an chúlaithe gheilleagraigh. Ligeann a leithéidí dúinn an tionchar ar staid airgid na cuideachta a íoslaghdú in imeacht na tréimhse seo;

(iv) Leanúint ar aghaidh leis an iarracht chun caiteachas agus costais foirne a laghdú sa Chuideachta trí chéile;

(v) Na príomhthionscadail straitéiseacha a leanas a chur i bhfeidhm agus tairbhí na bhforbairtí seo a chur chun cinn do chustaiméirí agus le daoine nach mbaineann úsáid as an tseirbhís a mhealladh freisin:

(a) An córas, Uathláthair Feithicle, agus bainistíocht cáilíocht seirbhíse níos fearr;

(b) Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí san uile fhormáid;

(c) Córas Cárta Cliste a d'Fhéadfaí a Athlódáil; agus

(d) Feabhsúcháin ar an bhfaisnéis ag stadanna bus agus ar an suíomh gréasáin;

(vi) Tréanfheachtais mhargaíochta le cur i bhfeidhm an tionscnaimh, Gréasán Díreach, a chomhlánú i dteannta na bhfeabhsúchán eile do chustaiméirí dá dtagraítear thuas.

De thoradh na straitéise a shonraítear thuas, cuirfidh Bus Átha Cliath gréasán níos éifeachtúla agus níos nua-aimseartha seirbhísí ar fáil a bheidh níos éasca a thuiscint agus níos inrochtana do chustaiméirí. Cuirfidh sé seo feabhas le cumas na cuideachta daoine nach mbaineann úsáid as bus de ghnáth a mhealladh agus le scair na córa iompair le haghaidh iompar poiblí a mhéadú sa chathair.

## Gréasán Díreach

Sa bhliain 2010, chuir Bus Átha Cliath tús le cur i bhfeidhm an tionscadail Gréasán Díreach. Tionscadal é seo a chuirfidh seirbhís bhus níos fearr ar fáil do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA). Tháinig an tionscadal seo chun cinn de thoradh athbhreithniú ar ghréasán Bhus Átha Cliath. Is é seo an ceann is mó dá ndearnadh riamh i stair na cuideachta agus tabharfaidh sé tairbhí móra do na custaiméirí. Is é seo a leanas aidhm an tionscadail Gréasán Díreach:

- Gréasán níos simplí atá níos fusa le tuiscint;
- Seirbhísí níos minice;
- Seirbhísí níos dírí;
- Poncúlacht agus iontaofacht níos fearr.

Tá na hathruithe agus na feabhsúcháin seo á leathnú amach sa ghréasán seirbhíse ar fad ar bhonn céimnithe a chuirfear i gcrích i mbliana. Tá sé mar aidhm ag Bus




Átha Cliath riachtanais a gcuid custaiméirí atá ag athrú a bhaint amach trí na gnéithe thuas i dteannta a chéile.

## Forbairtí sa teicneolaíocht

Tuigeann Bus Átha Cliath freisin a thábhachtaí atá an teicneolaíocht nua maidir le seirbhís nua-aimseartha bus a chinntiú. Tá córas um Rialú agus Uathláthair Feithicle (AVLC) i bhfeidhm faoi láthair sna seacht n-iosta de chuid Bhus Átha Cliath. Tá an clár, arna maoiniú ag an Roinn Iompair, mar chuid de phlean iomlán intuarthacht níos fearr seirbhíse a chinntiú. Cuirtear an teicneolaíocht AVLC i bhfeithiclí Bhus Átha Cliath agus cuireann sí sonraí ar ais chuig Lárionad Láraithe Rialaithe Bhus Átha Cliath, áit a ndéantar monatóireacht ar sheirbhísí. Ligeann an teicneolaíocht don fhoireann amharc ar láthair bheacht na mbusanna ar gach bealach agus tá seirbhís níos iontaofa agus níos éifeachtúla mar thoradh air seo. Is í AVLC an clár le haghaidh Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI). Bhí Bus Átha Cliath ag comhoibriú leis an Údarás Iompair Náisiúnta agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i dtaca le leathnú amach an RTPI agus tá scáileáin taispeána i mbun tástáil bheo i láthair na huaire i láithreacha éagsúla ar fud na cathrach. Tugann na scáileáin taispeána seo amanna tuartha sroichte na mbusanna ag a stad do na custaiméirí. Beidh úsáideoirí bus in ann amanna tuartha sroichte na mbusanna ag a stad a fháil ar an idirlíon agus trí theachtaireachtaí téacs freisin.

## Conradh Seirbhíse Poiblí – Baineann Bus Átha Cliath a gcuid Spriocanna Amach mar is Gnách

Síníodh an Conradh Seirbhíse Poiblí idir an tÚdarás Iompair Náisiúnta (NTA) agus Bus Átha Cliath an 1 Nollag 2009. Leagtar amach sa chonradh an gréasán agus raon na seirbhísí atá le soláthar ag Bus Átha Cliath, na leibhéil



# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

feidhmíochta atá le baint amach faoin gConradh Seirbhíse Poiblí agus an cúiteamh atá le híoc ag an NTA le haghaidh sholáthar na seirbhísí seo. Tuairiscíonn Bus Átha Cliath chuig an NTA gach trí mhí i ndáil le bearta feidhmíochta. Go nuige seo, bhain Bus Átha Cliath na spriocanna uile a comhaontaíodh amach.

## Inrochtaineacht Chabhlaigh

Choinnigh Bus Átha Cliath orthu ag díriú ar fheabhsú inrochtaineacht na seirbhísí dá gcuid custaiméirí in 2010. Cuireadh córas nua um shainaithint uimhir bus in airde ag stadanna bus Bhus Átha Cliath trasna GDA le cabhair a thabhairt do chustaiméirí a bhfuil deacrachtaí amhairc ag gabháil dóibh stad bus Bhus Átha Cliath a aithint gan stró. Tá uimhir an stad bus i gcló mór agus i mBraille ar phláta atá greamaithe den stad. Ina theannta sin, cuireann Bus Átha Cliath Scéim Cúnaimh Taistil saor is aisce ar fáil do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe, laigí céadfacha agus míchumas foghlama ag gabháil dóibh. A bhuíochas le cúnamh ó chúntóir taistil lánaimseartha de chuid Bhus Átha Cliath, ceapann na custaiméirí sainphlean taistil a oireann dá gcuid riachtanas, rud atá ina mbunús le taisteal neamhspleách don chustaiméir. Tig le custaiméirí tuilleadh faisnéise a fháil faoi Chúnamh Taistil ach dul i dteagmháil le hOifigeach Inrochtaineachta Bhus Átha Cliath tríd an nguthán ag (01) 7033204 nó trí ríomhphost ag travelassist@dublinbus.ie. Faoi láthair, tá 88% de chabhlach Bhus Átha Cliath ina bhfeithiclí ísealurláir atá oiriúnach do chathaoir rothaí agus táthar ag dréim leis go mbeidh an cabhlach ar fad inrochtana faoin mbliain 2012.

## Dúgheimhreadh 2010

I rith na haimsire crúibíní a bhí ann go mall in 2010, thiomáin tiománaithe Bhus Átha Cliath feithiclí sna coinníollacha ba scréachanta dá bhfaca cuid acu riamh anuas. In ainneoin na gcoinníollacha contúirteacha bóthair, chlúdaigh seirbhísí 95% de ghréasán Bhus Átha Cliath gach lá agus bhí sé seo mar thoradh ar iarrachtaí comhbheartaithe na foirne i ngach cuid den chuideachta. D'oibrigh siad gan staonadh leis na húdaráis áitiúla agus leis an nGarda Síochána. Dá bhrí sin, níor cuireadh isteach mórán ar na seirbhísí le linn na tréimhse seo agus cuireadh an nuacht ba dhéanaí faoi na seirbhísí in iúl do na custaiméirí i gcónaí.

Ba thábhachtach suíomh gréasáin Bhus Átha Cliath chun na custaiméirí a chur ar an eolas faoi mhalairtí nó faoi chiorruithe seirbhíse. Nuashonraíodh é seo go minic agus bhí an dúrud daoine ag baint leasa as www.dublinbus.ie tráth na linne sin. Sa mhullach air sin, dhéileáil an Oifig Faisnéise do Chustaiméirí leis na mílte glao gutháin ó chustaiméirí gach lá i rith na haimsire gairbhe. Tugadh an t-eolas ba dhéanaí do na meáin chumarsáide freisin agus bhí urlabhraí Bhus Átha Cliath ar fáil i gcónaí i gcomhair agallaimh nó cainte.

## A Thábhachtaí Atá Ionad Sábháilte Oibre

Tá Bord Bhus Átha Cliath agus an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin tiomanta do chosaint shábháilteacht, shláinte agus leas na bhfostaithe, na gcustaiméirí agus na ndaoine a ndéanann gníomhaíochtaí na cuideachta difear dóibh, ar nós úsáideoirí eile bóithre, cuairteoirí chuig áitreabh Bhus Átha Cliath nó conraitheoirí a bhíonn ar fostú ag an gcuideachta.

Tugann cáipéis na cuideachta maidir le córas bainistíochta sábháilteachta creatlach mhionsonraithe faoi choinne bhainistiú na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a ghabhann le hoibríochtaí na cuideachta. Is fíorthábhachtach na modhanna a ndéantar cur síos orthu sa cháipéis seo i ndáil le freagrachtaí na mbainisteoirí sinsearacha, na mbainisteoirí idirmheánacha agus na maoirseoirí. Caithfidh siadsan a chinntiú go bhfuil lántuiscint ag a bhfostaithe ar na riachtanais atá inti agus go gcomhlánaíonn siad iad.

I dtaca le timpistí, bhí laghdú 5% in 2010 ar líon na n-imbhuailtí in aghaidh milliún ciliméadar feithicle lena raibh baint ag feithiclí Bhus Átha Cliath. Ina theannta sin, leagann laghdú beagán thar 9% ar líon thimpistí aga díomhaoin na bhfostaithe béim ar na tairbhí a ghabhann le cur chuige chomhsheasmhaigh a choinneáil i ndáil le hiniúchadh leanúnach agus measúnú riosca. Forbairt mhór ba ea síneadh na seiceála feithiclí réamhsheirbhíse i gceithre láthair eile iosta i rith 2010. Cuirfidh an méid sin le cosaint bhreise shábháilteacht, shláinte agus leas na gcustaiméirí agus na bhfostaithe faoi dheoidh.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) – Ár Saothar sa Phobal

Bíonn feidhm lárnach ag seirbhísí Bhus Átha Cliath sna pobail éagsúla a chruthaíonn custaiméirí na cuideachta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA). Mar sin de, is dóigh iontach na cláir éagsúla freagrachta corparáidí agus sóisialta atá i gcroílár ghnó na cuideachta chun naisc a thógáil leis na pobail a ndéantar freastal orthu.

Ba é Clár Tacaíochta Pobail (CSP) Bhus Átha Cliath 2010 an t-imeacht ba mhó agus ba rathúla i stair an chláir. Is í seo an seachtú bliain den chlár. Bunaíodh an CSP chun cúnamh a thabhairt do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, nach dtugtar aitheantas dá saothar de ghnáth, ach amháin i measc na ndaoine a fhaigheann an cúnamh. Go dtí seo, bhain de bhreis ar 1,000 eagraíocht agus grúpa beag ó phobail i Mórcheantar

Bhaile Átha Cliath tairbhe as an maoiniú a fuarthas ón gclár seo. Maoinítear costas an chláir trí shóinseáil nach n-éilítear. Is dóigh í seo chun an t-airgead seo a chur ar ais sa phobal.

Tugann Cláir Thacaíochta Phobail deis do Bhus Átha Cliath aithne a chur ar chuid dá gcustaiméirí óga agus a thábhachtaí atá ról an bhus sa phobal agus an meas atá tuillte aige a chur ina luí orthu.

## Bus Éireann

Thabhaigh Bus Éireann caillteanas €2.2 milliún in 2010 i gcomórtas le caillteanas €4.7 milliún roimh mhíreanna eisceachtúla in 2009.

Thug Bus Éireann aghaidh ar dhúshláin shuntasacha i rith na bliana 2010 arís. Bhí tionchar mór ag tosca amhail an meathlú leantach ar an ngeilleagar agus an laghdú ar dhíolacháin mhiondíola ar líon na bpaisinéirí. Chonaic croítháirgí paisinéirí bóthair laghdú 11.8% ar líon na bpaisinéirí i gcomórtas leis an mbliain 2009.

B'ionann an t-ioncam iomlán in 2010 agus €285.9 milliún. B'ionann é agus €302.7 milliún in 2009.

Lean an chuideachta de thabhairt isteach rathúil a bpleananna laghdaithe costais le linn 2010. Tá dhá phríomhghné i gceist leis na pleananna a bhí ina láimh mhór chúnta in 2010 leis an easnamh a laghdú go mór. Bhí laghduithe ar chroí-bhunchostas na cuideachta agus atheagrú agus athstruchtúrú seirbhísí bus ar leith i gceist leis na gnéithe seo. Bhí call leis na hathruithe seirbhíse seo de thairbhe an laghdaithe ar éileamh ioncaim agus ar mhaoiniú i gcomhair sheirbhísí PSO. Rinneadh scrúdú ar dhóigheanna nuálacha freisin le seirbhísí áirithe a choinneáil san athbhreithniú ar an ngréasán. Comhaontaítear na hathruithe seirbhíse roimh ré leis an Údarás Iompair Náisiúnta (NTA) agus chinntigh an chuideachta go bhfaigheann custaiméirí dóthain fógra faoi na hathruithe seirbhíse a bheartaítear.

Rinneadh coigilteas suntasach costais i rith na bliana 2010, ach bhíothas in ann gréasán cuimsitheach comhtháite iompair seirbhísí a chur ar fáil ag an am céanna. Bhí laghdú €19 milliún (10%) ar chaiteachas paisinéirí bóthair i gcomparáid le 2009. Bhí laghdú ar líon na mball foirne freisin san uile ghrád foirne le linn 2010. B'éigean réimse gníomhartha dúshlánacha a chur i bhfeidhm faoi choinne an choigiltis seo. Chomh maith le héifeachtúlachtaí intí, réadaíodh laghduithe suntasacha ó sholáthróirí seachtracha.

I bhfianaise an gheilleagair, mhéadaigh Bus Éireann a gclár leanúnach laghdaithe costais go mór. Laghdaigh an clár faoi leith seo na costais faoi 4% in 2008 agus in 2009 araon. Sa bhliain 2010, gnóthaíodh coigilteas timpeall €22 milliún nó 6.3% bliain ar bhliain sa phárolla, in ábhair agus i gcostais seirbhíse trí bhearta ar nós na gceann seo a leanas:

- Athruithe ar théarmaí agus coinníollacha le costais phárolla a laghdú;
- Athruithe gréasáin le leibhéil seirbhíse a thabhairt i gcomhréir le héileamh na bpaisinéirí, rud a bhí ina ábhar le hathrú nó ciorrú ar sheirbhísí a raibh éileamh beag orthu;
- Éifeachtúlachtaí ar fud na cuideachta i réimsí dála ragoibre, neamhláithreachta, éifeachtachta breosla, dochair d'fheithiclí i dtimpistí, cothabhála agus costas le busanna a fháil ar cíos;
- Coigilteas oibriúcháin, lena n-áirítear úsáid as feithiclí le toilleadh níos airde, uathdhíoltóirí ticéad ar na sráideanna, méadú ar díolacháin ticéad ar líne, agus comhcheangal le hiompar tuaithe agus le seirbhísí iompair HSE;
- Pleanáil gréasáin sa Scéim Iompar Scoile d'fhonn acmhainní a úsáid ina n-iomláine, chomh maith le cónascadh bealaí agus idirbheartaíocht faoi rátaí conraitheora in athuair;
- Costais sheachtracha soláthróirí a laghdú.

### Mórfhostóir agus Cuideachta a Chuireann le Geilleagair Áitiúla

Is mórfhostóir náisiúnta é Bus Éireann ag a bhfuil fórsa saothair 2,704 ag 18 láthair ar fud na tíre.

Déileálann Bus Éireann le 1,490 soláthróir eile atá faoi chonradh le seirbhísí a sholáthar, don Scéim Iompar Scoile go príomha. Cruthaíonn ár ngníomhaíochtaí gnó fostaíocht do dhaoine i mórán earnálacha eile leis. Tugann na dreamanna seo earraí agus seirbhísí do Bhus Éireann go háitiúil agus go náisiúnta.

### Béim ar Phobail agus ar Chustaiméirí

Tugann torthaí iniúchta neamhspleách le fios arís go raibh ardleibhéal sástachta i measc custaiméirí i dtaobh Bhus Éireann; b'ionann an rátáil in 2010 agus 88%, agus luaigh 95% de na freagróirí go molfaidís Bus Éireann do chara. Anuas air sin, d'éirigh thar barr leis an gcuideachta (96%) maidir le sábháilteacht busanna.



# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

## Conradh Seirbhíse Poiblí

Rialaíonn Conarthaí Iompair Phoiblí idir an tÚdarás Iompair Náisiúnta agus Bus Éireann maoiniú sheirbhísí PSO. Tá feidhm leis an gconradh reatha ar feadh cúig bliana go dtí 2014. Luaitear sa chonradh na caighdeáin i leith feidhmíocht oibriúcháin agus seirbhíse do chustaiméirí nach mór do Bhus Éireann a choinneáil. Sa bhliain 2010, chomhlíon an chuideachta na spriocanna feidhmíochta a leagtar amach sa chonradh.

## Feabhsúcháin Seirbhíse

Tugadh isteach slám feabhsúcháin seirbhíse le linn na bliana i gcomhréir le héileamh na gcustaiméirí. Ina measc bhí said seo a leanas:

- Úsáid a bhaint as acmhainní atá ann cheana féin le leibhéil imeachta a fhairsingiú agus/nó a mhéadú ar roinnt seirbhísí. Mar shampla, imeachtaí breise gach lá ar Bhealach 111 (Baile Átha Cliath-Baile Átha Troim-Baile Átha Buí-an Cabhán) agus an tseirbhís a cheangal le líne nua iarnróid Dhún Búinne-Bhaile Átha Cliath;
- Seirbhísí Luasbhealaigh a athchóiriú leis an úsáid is fearr a bhaint as an mbonneagar úr mótarbhealaigh agus nascadh le gréasán aerfort na tíre más féidir ó thaobh na tráchtála de. Mar shampla, tabhairt isteach seirbhísí breise go hAerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire ó Shligeach agus ó Ghaillimh;
- De bharr na gaolmhaireachta idir Bus Éireann agus soláthróir iompair bunaithe i nGaillimh, bhí níos mó tairbhí le baint ag an soláthróir sin agus ag custaiméirí Bhus Éireann as an socrú sin trí níos mó seirbhísí a chur ar fáil dóibh idir Gaillimh-Cathair Bhaile Átha Cliath-Aerfort Bhaile Átha Cliath; agus
- Tógadh os cionn 50 scáthlán bus mar chuid de clár infheisteora scáthlán bus na cuideachta.

## Seirbhís Athsholáthair Iarnróid

Tar éis dhúnadh líne iarnróid Ros Láir-Port Láirge, thug Bus Éireann, i gcomhar leis an NTA, plean iompair áitiúil isteach do Loch Garman Theas. Mar thoradh ar an bplean seo, fairsingíodh seirbhísí cóiste agus bus sa cheantar agus bhí na seirbhísí i mbun feidhme ní ba mhinice ó láithreacha tuaithe sa réigiún. Ina theannta sin, cuireadh naisc dhíreacha chuig Cathair Phort Láirge, Baile Loch Garman, Ros Mhic Thriúin, WIT, ospidéil réigiúnacha agus ionaid sláinte chun feabhais.

## Seirbhís níos Fearr do Chustaiméirí tríd an Teicneolaíocht

Thug Bus Éireann córas Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí isteach ar fud na tíre in 2010. Bhí Bus Éireann ar cheann de na chéad oibreoirí iompair phoiblí san Eoraip a chuir a leithéid de chóras cuimsitheach i bhfeidhm.

Baineann an córas seo sochar as córais rianaithe GPS agus as teicneolaíocht Uathláthair Feithicle (AVL) leis an bhfaisnéis is déanaí a thabhairt do chustaiméirí faoi bhusanna isteach agus faoi bhusanna amach ag stadanna bus ar fud ghréasán na cuideachta trí SMS agus tríd an idirlíon. Tá ár gcuid custaiméirí an-tógtha leis ar fad.

Cuireadh níos mó tionscnaimh chustaiméara chun cinn le linn na bliana. Ina measc bhí triail Wi-Fi sna seirbhísí idirchathrach, ticéid iompair scoile ar fáil ar líne lena gceannach, agus obair i dtaca le tionscadal na Faisnéise Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI) faoi choinne thabhairt isteach na dtaispeáintí scáthlán bus RTPI i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i gCathair Chorcaí faoi dheireadh na bliana 2011.

## Úsáid as Iompar Poiblí a Chur Chun Cinn

Chuir an chuideachta réimse fairsing tionscnamh i bhfeidhm i réimsí éagsúla meán d'fhonn cúnamh a thabhairt le seirbhísí a chur chun cinn, le custaiméirí a choinneáil agus le bealaí nach bhfuil ag déanamh go rómhaith a fheabhsú. Ina measc bhí said seo a leanas:

- Táillí speisialta ar bhealaí áitiúla agus náisiúnta le taisteal a spreagadh i rith tréimhsí tábhachtacha, fearacht na saoire scoile agus ag druidim leis an Nollaig. Úsáideadh táillí promóisin ar bhealaí áitiúla ar leith nach raibh mórán tóra orthu freisin;
- Comhphromóisin le réimse tríú páirtithe, lenar áiríodh Zú Bhaile Átha Cliath agus miondíoltóirí áitiúla agus ionaid siopadóireachta;
- Tugadh faoi fheachtas a bhí an-dírithe ar mhic léinn, agus bhí méadú ar líon na bpaisinéirí a bhí ina mic léinn dá thoradh;
- Spreag an feachtas, Pas an tSamhraidh (*Passport to Summer*) taisteal teaghlaigh in Éirinn i rith an tsamhraidh;
- Forbairt ar thionscnaimh na meán digiteach le ceannach agus le hidirghníomhaíocht ar líne a spreagadh le príomh-spriocphobail trí shuíomh gréasáin na cuideachta agus a suíomhanna Facebook agus Twitter. Bhí an-mhéadú ar líon úsáideoirí an tsuímh ghréasáin agus ar cheannach ticéad ar líne dá thoradh; agus
- Chomh maith leis sin, thacaigh an chuideachta le réimse imeachtaí agus tionscnaimh chultúrtha, spóirt, phobail agus chomhshaoil go náisiúnta agus go háitiúil i gcaitheamh na bliana.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

## An Comhshaol

Ghlac an chuideachta páirt i roinnt tionscnamh le linn na bliana a bhí ceaptha le tionchar na cuideachta ar an gcomhshaol a laghdú.

Mar shampla, thug siad clár éicithiomána isteach i gcomhar le Cumann Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (*Sustainable Energy Association Ireland*). Tuartar go laghdóidh an clár seo na costais bhreosla faoi 5% ar a laghad gach bliain trí oiliúint a chur ar thiománaithe lena stíl tiomána a choigeartú.

Sa mhullach air sin, baineadh coigilteas amach i gcostais soilsithe agus téimh trí shoilse ionduchtúcháin a ais-shuiteáil i roinnt garáistí. Laghdaíodh ídiú leictreachais go mór agus feabhsaíodh an soilsiú de bharr na mbeart seo.

## Inrochtaineacht

Lean Bus Éireann ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn maidir le soláthar seirbhísí inrochtana agus tá seirbhísí na cathrach go hiomlán inrochtana, chomh maith le mórsheirbhísí baile cosúil le Baile Átha Luain, Sligeach, Dún Dealgan agus Droichead Átha.

Thug Bus Éireann seirbhísí isteach atá oiriúnach do chathaoir rothaí sna seirbhísí idirchathrach seo a leanas: Port Láirge-Corcaigh, Gaillimh-Béal an Átha, agus Gaillimh-Baile Átha Luain, chomh maith le seirbhís 109A, an Uaimh-DCU-Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Is é an príomhdhúshlán a bhaineann le seirbhísí inrochtana a sholáthar lasmuigh de sheirbhísí baile agus cathrach ná spás agus áiseanna leordhóthanacha a chur ar fáil ag stadanna bus chun a chinntiú go n-úsáidtear ardaitheoir do chathaoir rothaí go sábháilte ar chóistí. Faoin bPlean Earnála, tá cúrsaí inrochtaineachta ag stadanna bus faoi fhreagracht na n-údarás áitiúil.

Coinneoidh Bus Éireann orthu ag comhoibriú leis na húdaráis ábhartha agus lena nGrúpa Úsáideoirí Míchumais féin le cúrsaí inrochtaineachta ina gcuid seirbhísí a fheabhsú.

## Iompar Scoile

Iompraíodh thart ar 125,000 páiste dhá uair in aghaidh an lae le linn na scoilbhliana faoin Scéim Iompar Scoile in 2010.

Chomhoibrigh Bus Éireann go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna le héifeachtúlachtaí suntasacha a bhaint amach trí scileanna bainistíochta gréasáin a úsáid le réimse seirbhísí a athchóiriú agus le leas níos fearr agus níos éifeachtaí as acmhainní feithicle a chur ar fáil.

Feabhsaíonn caighdeán agus raon na seirbhísí iompar scoile atá á soláthar faoin Scéim Iompar Scoile i rith an ama; tugadh 95 seirbhís nua isteach sa bhliain 2010. Ar a shon sin, níor tháinig ach méadú 19 bhfeithicil ar líon na bhfeithiclí conraitheora. Níor tháinig méadú ar bith ar líon na mbusanna scoile de chuid Bhus Éireann.

San am i láthair, tá 369 feithicil atá oiriúnach do chathaoir rothaí ag soláthar seirbhísí iompar scoile gach lá scoile faoin scéim.

De réir bheartas an Rialtais agus thuarascáil Deloitte, rinneadh tuilleadh scrúdaithe agus forbartha ar shineirgí féideartha idir iompar scoile, iompar tuaithe agus seirbhísí HSE in 2010.

## Bearta Tosaíochta Bus

Thug Bus Éireann tacaíocht le fada an lá do thabhairt isteach lánaí bus agus bearta tosaíochta bus. Is fíorthábhachtach Bealaí Glasa agus Mórlánaí Bus le hiontaofacht agus le tarraingteacht iompair phoiblí a fheabhsú. Is lámh chúnta an méid seo le héifeachtúlachtaí oibriúcháin a mhéadú agus gabhann tairbhí comhshaoil leo tríd an líon carranna príobháideacha a bhíonn ar na bóithre a laghdú.

Leanann lucht bainistíochta Bhus Éireann, go náisiúnta agus go háitiúil, orthu ag comhoibriú go dlúth le húdaráis áitiúla agus náisiúnta d'fhonn Bealaí Glasa agus Mórlánaí Bus a chur chun cinn.

## Treochtaí Margaidh

Léirigh líon paisinéirí Bhus Éireann i rith 2010 an cor chun donais gheilleagraigh. Bhí titim mhór ar an éileamh ar iompar poiblí de thairbhe an laghdaithe ar líon na ndaoine i mbun fostaíochta, an íslithe ar líon na ndaoine sa tír nach Éireannaigh iad, an mheatha mhóir ar chúrsaí miondíola, agus an trálachta mhóir ar líon na dturasóirí a tháinig chun na hÉireann.

## Turais Idirnáisiúnta CIÉ

Bhain Turais Idirnáisiúnta CIÉ (*CIÉ Tours International*) méadú amach ar líon na bpaisinéirí agus ar an ioncam i rith 2010. B'athrú é seo ar an laghdú a bhí le sonrú in 2008 agus in 2009. Rinneadh €38 milliún agus ba mhéadú €5.6 milliún nó 17% é seo ar an mbliain roimhe sin. Sholáthair an chuideachta turasóireacht chóistí agus pacáistí neamhspleácha saoire do 36,000 duine in 2010; ba mhéadú é sin de chóir a bheith 4,000 duine nó 12% ar an mbliain roimhe sin. D'fhéadfá a rá gur éirigh thar barr



# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

leo in ainneoin an chuir isteach ar an taisteal idirnáisiúnta de thairbhe luaithreamhán bolcánach in earrach na bliana 2010.

Is é margadh Mheiriceá Thuaidh an príomh-mhargadh ina ndíolann an chuideachta. B'ionann an margadh seo agus 76% de líon na bpaisinéirí agus 89% den ioncam in 2010. Tháinig an chuid eile de na paisinéirí ón Eoraip, go háirithe na tíortha Lochlannacha, ón Astráil agus ón Nua-Shéalainn.

Chomhlíon an chuideachta a gcuid spriocanna brabúis don bhliain 2010 agus lean siad orthu ag laghdú forchostas in oifig Bhaile Átha Cliath agus in oifig SAM trí theicneolaíocht nua agus trí chleachtais nua oibre a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is í an chuideachta an príomhoibreoir do thurais chóistí ó SAM go hÉirinn fós.

## Réadmhaoin Ghrúpa

Bhain an rannóg Réadmhaoin Ghrúpa díolacháin réadmhaoine neamhoibríochtúla amach arbh ionann iad agus €0.8 milliún, chomh maith le glanioncam cíosa €13.3 milliún in 2010. Ba mhéadú 31.7% é seo ar an mbliain roimhe nuair nach bhfuarthas ach €10.1 milliún. Tá siad ag oibriú faoi láthair ar mhórthionscadail éagsúla amhail Duga Spencer, Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid na Teamhrach, Sráid na Mainistreach agus an Fhaiche Mhór i nGaillimh.

Cuireann Réadmhaoin Ghrúpa seirbhísí gairmiúla ar fáil chomh maith do thionscadail éagsúla bhonneagair de chuid Iarnróid Éireann, go háirithe tionscadail lena mbaineann an DART faoi Thalamh, Crosairí Comhréidhe, Bealach Chill Dara, Corcaigh/Mainistir na Corann agus an Bealach/Dún Búinne/an Uaimh.

## Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)

In ainneoin an laghdaithe mhóir ar an margadh fógraíochta allamuigh, d'fhógair an Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN), atá freagrach as bainistiú phunann fógraíochta allamuigh CIÉ lena n-áirítear láithreacha bus agus iarnróid, go raibh toradh maith acu don bhliain.

Meastar go leanfar den titim ar an éileamh ar fhógraíocht allamuigh i rith 2011. Táthar den tuairim go mbeidh ísliú 6% ar an gcaiteachas ag gníomhaireachtaí fógraíochta. Ar a shon sin, is é buntáiste an cháis seo go mbreathnaítear ar an bhfógraíocht allamuigh anois mar luach maith agus go bhfuil sí níos solúbtha ó thaobh na dtairiscintí de.

I mí na Nollag 2010, thug Bord CIÉ comhaontú ceadúnais trí bliana do chuideachta phríobháideach chun a gcuid gnó allamuigh a bhainistiú i gcomaoin táille ráthaithe agus scair chéatadáin den ghlanioncam. Anois agus iad i gcomhpháirtíocht lena chéile, tá an dá chuideachta réidh le dul san iomaíocht go rathúil sa mhargadh agus brabúis a uasmhéadú don Ghrúpa.

## Léargas Ginearálta ar Úsáid Fuinnimh an Ghrúpa in 2010

Áirítear le hídiú fuinnimh an Ghrúpa ola dhíosail le cabhlaigh bhusanna Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, carráistí Idirchathrach Iarnród Éireann agus Traenacha Díosail Ilaonad a rith. Leictreachas le haghaidh rith sheirbhís DART Iarnród Éireann, uathchrosairí comhréidhe, stáisiúin traenach agus bhus, seomraí trealaimh, ceardlann agus riachtanais ghinearálta oifige. Baintear sochar as gás nádúrtha agus ola téimh i gcomhair téamh spáis oifigí agus ceardlann. Liostaítear an phróifíl úsáide do 2010 sa tábla thíos.

| Próifíl ídithe fuinnimh an Ghrúpa | MWhr |
|---|---|
| | 2010 |
| Ola dhíosail le haghaidh tarraingthe | 1,081,700 |
| Leictreachas le haghaidh tarraingthe | 26,700 |
| Leictreachas le haghaidh nithe eile | 52,000 |
| Gás | 33,900 |
| Ola téimh | 1,400 |

## Gníomhartha a Gabhadh de Láimh le Costais Fuinnimh a Laghdú

Rinneadh coigilteas i gcostais fuinnimh sa Ghrúpa tríd síos sa bhliain 2010. Tá siad seo a leanas ina measc:

### Iarnród Éireann

**Breosla díosail le haghaidh tarraingthe:**

- Tionscnaíodh clár tástála ar tháirge le próiseas a fhíorú a éilíonn go laghdaíonn sé ídiú breosla in innill fhrithingeacha díosail.
- Ceannaíodh trealamh tomhais agus suiteáladh é i gceithre fheithicil iarnróid (Traenacha Díosail Ilaonad Comaitéara [DMUanna]).
- Cuireadh uathstopadh inneall tarraingthe i bhfeidhm ar Thraenacha Díosail Ilaonad, ar fheithiclí comaitéara agus Idirchathrach araon.
- Coigilteas measta ag 25,000 MWhr in aghaidh na bliana.

**Rialú Soilsithe agus Gaothrán in Iostaí:**

- Cuireadh cláir i bhfeidhm in iostaí maidir le rialú soilsithe agus gaothrán.
- Tá coigilteas 800 MWhr in aghaidh na bliana á bhaint amach.

## Bus Éireann

Sa bhliain 2010, chuir Bus Éireann traidhfil clár i gcrích le bainistíocht fuinnimh a dhéanamh foirmeálta san eagraíocht agus lena n-éifeachtúlachtaí fuinnimh a chur chun feabhais. Bhí siad seo a leanas ina measc:

- Chomhlíon foireann fuinnimh láir Bhus Éireann an chéad chéim de chúrsa oiliúna EnergyMAP de chuid SEAI i mí Lúnasa.
- Socraíodh rochtain ghréasáin ar bhillí fóntais do phearsanra Bhus Éireann. Éascaíonn sé seo mionanailís agus bainistiú sonraí i dtaobh ídiú fuinnimh leictreachais agus gáis i gcomhair suíomhanna aonair san eagraíocht tríd síos.
- Rinneadh nósanna imeachta i leith meastóireachta agus tuisceana ar éifeachtacht fuinnimh le linn phróiseas an tsoláthair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Siocair go n-úsáideann a gcabhlach feithiclí féin móramh d'ídiú bliantúil fuinnimh Bhus Éireann, cuireadh ídiú breosla sa réimse seo i dtús áite faoi choinne roinnt tionscnamh. Tá siad seo a leanas ina measc:

- Clár oiliúna éicithiomána do 250 tiománaí i Meán Fómhair/Deireadh Fómhair.
- Cuireadh Tionscadal Monatóireachta um Dháileadh Breosla i bhfeidhm le sonraí leictreonacha a sholáthar faoi ídiú breosla feithiclí do chabhlach na cuideachta.

## Bus Átha Cliath

**Bearta a cuireadh i bhfeidhm:**

- Laghdaíodh luas réchasta innill in 2010 i 200 bus B9 le hídiú breosla a laghdú.
- Chlúdaigh an cabhlach 3 mhilliún ciliméadar níos lú in 2010 de dheasca chuíchóiriú an chabhlaigh.
- Suiteáladh rialuithe téimh.
- Suiteáladh braiteoirí sholas an lae do shoilse seachtracha clóis.

## Gníomhartha a Bheartaítear do 2011

## Iarnród Éireann

**Breosla díosail le haghaidh tarraingthe:**

Táirge le feidhmíocht innill fhrithingeacha díosail a fheabhsú:

- Cuirfear clár tástála i bhfeidhm agus i gcrích.
- Faoi réir torthaí sásúla tástála, cuirfear tús leis an gclár um chur i bhfeidhm.
- Coigilteas féideartha 25,000 MWhr in aghaidh na bliana.

**Uathmhúchadh/atosú d'Innill Ghluaiste:**

- Faoi réir torthaí sásúla tástála, cuirfear tús leis an gclár um chur i bhfeidhm.
- Coigilteas féideartha 6,000 MWhr in aghaidh na bliana.

**Uathmhúchadh fo-inneall in DMUanna comaitéara:**

- Coigilteas féideartha 6,000 MWhr in aghaidh na bliana.

**Soilsiú:**

- Tús a chur le clár le soilsiú fluaraiseach ionduchtúcháin a chur i bhfeidhm, mar aon le rialuithe gafa i gcarrchlóis.
- Coigilteas féideartha 120 MWhr i mbliain iomlán.
- Feadán nua T8 a chur i bhfeidhm i bhfeistis "Switch Start" ar fud na heagraíochta.
- Coigilteas féideartha 70 MWhr i mbliain iomlán.

**Rialú téimh:**

- Cláreagrú rialaithe teochta ar fhoirgnimh a chur i bhfeidhm.
- An call le "téitheoirí plugála" a laghdú.
- Cláreagrú rialaithe teochta "téitheoirí plugála" a chur i bhfeidhm nuair a theastaíonn siad.
- Coigilteas féideartha 200 MWhr i mbliain iomlán.

## Bus Éireann

- Beartas fuinnimh a réiteach atá bunaithe ar Straitéis Bainistíochta Fuinnimh na cuideachta.
- Triail córais bhainistíochta an chabhlaigh feithiclí ar bord (teileamaitic) a thabhairt chun críche a éascaíonn modh níos fearr tiomána. Beidh sé seo ina ábhar le héifeachtacht fuinnimh níos fearr.
- Córas tomhais um réchasadh innill a chur i bhfeidhm do chabhlach feithiclí le cainníochtú a ligean agus le láimhseáil na saincheiste a chur chun feabhais dá bharr.
- Mórthomhaltóirí fuinnimh a shainaithint agus a mheas i láithreacha aonair.
- Feidhmíocht/éifeachtacht córais gáis agus téimh ola a mheas i láithreacha Bhus Éireann.
- Próiseas a dhéanamh foirmeálta faoi choinne sainaithint inmheánach deiseanna do choigilteas fuinnimh ar bhonn leanúnach.

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)



- Éifeachtacht fuinnimh a chur chun cinn agus cultúr éifeachtacht fuinnimh a fhorbairt sa chuideachta trí fheachtas inmheánach feasachta sa chuideachta.

## Bus Átha Cliath

- Cuirfear tuilleadh laghduithe cabhlaigh i bhfeidhm faoin tionscadal, Gréasán Díreach, faoi mar a leathnófar amach cuíchóiriú bealaí bus agus na héifeachtúlachtaí a eascróidh as seo ar fud an ghréasáin iomláine.
- Bunaíodh ídiú breosla saoil mar chritéir dhámhachtana do cheannacháin feithicle in 2011 trí úsáid a bhaint as na tástálacha caighdeánaithe ídithe breosla i leith timthriall uirbeach SORT 1 de chuid UITP.
- Scrúdú a dhéanamh ar fheidhm bogearraí nua do ghiarbhosca feithicle (ZF Topodyn) atá feiliúnach do bhusanna B9 agus lena ngabhann coigilteas féideartha breosla.
- Trialacha a thionscnamh maidir le héicithiomáint cabhlaigh trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht ar bord.
- Oiliúint nua athnuachana a thabhairt isteach do thiománaithe i dteannta aiseolais bunaithe ar fhíseáin agus ar ríomhairí le modhanna níos réidhe tiomána a ghnóthú. Beidh an méid seo ina láimh chúnta freisin chun ídiú breosla a laghdú.
- Uasghrádú soilsithe atá tíosach ar fhuinneamh i gcomhair ceardlanna agus clóis pháirceála chothabhála.
- Caidéil bhreosla a uasghrádú agus a ionadú le mótair ardéifeachtúla.
- Méadair bhíge gháis a shuiteáil agus a nascadh leis an gCóras Bainistíochta Foirgnimh (BMS) mar chuid de mhonatóireacht leanúnach ar ídiú gáis sna háiseanna cothabhála.
- Leanúint de chur chun cinn na feasachta ar chúrsaí fuinnimh i measc na mball foirne.
- Tuilleadh deiseanna coigilte fuinnimh a shainaithint trí na foirne áitiúla bainistíochta fuinnimh.

## Fostaíocht

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí ar fostú ag Grúpa CIÉ ag deireadh 2010 10,955; ba laghdú 508 é seo ar an mbliain 2009.

## Rannpháirtíocht na Foirne

Is é príomhshócmhainn Ghrúpa CIÉ a gcuid foirne. Is é beartas Ghrúpa CIÉ an acmhainn sócmhainne seo a uasmhéadú trí chultúr rannpháirtíochta agus obair bhuíne a spreagadh. Spreagtar na fostaithe uile le páirt a ghlacadh i stiúradh Ghrúpa CIÉ trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, trí mheithleacha agus trí thionscnaimh atá dírithe ar chustaiméirí. Tá ceathrar ball oibrí ar Bhord CIÉ.

## Comhdheiseanna

Leanann an Grúpa ar aghaidh ag feabhsú an chomhionannais san ionad oibre do gach grúpa atá clúdaithe ag reachtaíocht comhionannais. Coimeádtar réimse na dtionscadal um Chothromaíocht Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa faoi athbhreithniú leanúnach. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le roinnt eagraíochtaí seachtracha i bhforbairt a gcuid cleachtas agus nósanna imeachta, e.g. trí bheith mar bhall den Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht san Ionad Oibre in IBEC.

## Inrochtaineacht

Tá caidreamh gníomhach le heagraíochtaí dóibh siúd a bhfuil fadhbanna gluaisteachta ag gabháil dóibh chun tosaíochtaí a bhunú chun inrochtaineacht feithiclí, oifigí agus stáisiún a sholáthar.

## Cleachtais Íocaíochta

Tuigeann CIÉ a bhfreagracht maidir le comhlíonadh a chinntiú, i ngach ngné ábhartha, le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Ba é an beartas íocaíochta an Ghrúpa tríd síos in 2010 cloí le ceanglais an rialacháin.

## Beartas Soláthair

Tá Beartas Soláthair Ghrúpa CIÉ i bhfeidhm le comhlíonadh Threoracha Fóntas agus Soláthair Phoiblí an AE a chinntiú, mar aon le beartais an Rialtais agus an Bhoird. Go suntasach, cuireadh na soláthairtí uile os cionn na dtairseacha cáilíochta chun tairisceana oscailte agus cuireadh isteach in Iris an AE iad nuair a bhí amhlaidh oiriúnach.

## Rioscaí Bunairgid

Déileálann Grúpa CIÉ leis na rioscaí bunairgid do na gnóthaí i roinnt slite éagsúla, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht. Coinníonn gach ceann de na cuideachtaí clár rioscaí agus déantar é a nuashonrú ó am go chéile leis na rioscaí agus na pleananna gníomhaíochta éagsúla chun dul i ngleic leo seo. Téann Iarnród Éireann, ar a shon féin, Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, i mbun conarthaí malartaithe tráchtearra le haghaidh breosla. Tugann CIÉ faoi réamhcheannach airgeadra sa chás go mheasann sé go bhfuil luach ann agus riosca laghdaithe don Ghrúpa.

# Struchtúr an Ghrúpa

Is é Córas Iompair Éireann an t-údarás reachtúil náisiúnta a chuireann iompar poiblí ar thalamh ar fáil laistigh de Phoblacht na hÉireann. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

Tá cuideachta shealbhaíochta an Ghrúpa eagraithe i gceithre fhochuideachta oibríocha, dhá aonad gnó agus soláthraithe fosheirbhíse. I dteannta a chéile, soláthraíonn siad seirbhísí dóibh seo a leanas:

- Taisteal paisinéirí iarnróid
- Tarlú lasta iarnróid
- Taisteal bus cathrach, idirchathrach, tuaithe agus scoile
- Bainistíocht calafort
- Turais imeachta/laethanta saoire
- Fosheirbhísí:

Bainistíocht tionscadal; réadmhaoin; seirbhísí dlí; bainistíocht árachais/dliteanais; seirbhísí IT agus teileachumarsáide.

Cuireann an chuideachta shealbhaíochta treoir, rialú agus comhordú foriomlán straitéiseach ar fáil, agus tá ardleibhéal uathrialach oibríche ag gach fochuideachta agus aonad gnó.

## Córas Iompair Éireann

- Turais Idirnáisiúnta CIÉ Crp.
- Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)
- Réadmhaoin Ghrúpa CIÉ
- Bainistíocht Árachais/Dliteanais
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Seirbhísí Dlí

## Iarnród Éireann

- Idirchathrach
- Fo-uirbeach
- Cian-chomaitéir
- Lasta Iarnróid
- Calafort Ros Láir

## Bus Éireann

- Luasbhealach
- Seirbhísí Tuaithe
- Seirbhísí Cathrach Cúige
- Seirbhísí Bus Scoile
- Fruiliú Príobháideach

## Bus Átha Cliath

- Seirbhísí Cathrach
- Xpresso
- Nitelink
- Airlink
- City Tours
- Fruiliú Príobháideach

# Baill an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa



## Baill an Bhoird

Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina mbaill den Bhord ag aon am i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2010 luaite anseo. Ba bhaill den Bhord iad ar feadh na bliana iomláine seachas aon áit ina bhfuil a mhalairt léirithe.

| | |
|---|---|
| John J. Lynch | Cathaoirleach Feidhmiúcháin (Athcheaptha an 29 Márta 2010 agus an 29 Márta 2011) |
| Mary Canniffe | D'éirigh sí as oifig an 31 Bealtaine 2010 |

Mick Cullen ●
Paul Kiely
Dermot Killen
Graham Lightfoot
Bill McCamley ●
Willie McDermott ●
John Moloney ●
Neil Ormond
Yvonne Scannell
Séamus Sheerin

1 Fholúntas

● Ball oibrí

## Rúnaí an Bhoird

Geraldine Finucane,
Stáisiún Heuston,
Baile Átha Cliath 8.
Guthán: + 353 1 703 2008
Facs: + 353 1 703 2276

## Coistí Boird amhail an 31 Nollaig 2010

### Coiste Iniúchta

| | |
|---|---|
| Paul Kiely | Cathaoirleach |
| Dermot Killen | |
| Graham Lightfoot | |
| Neil Ormond | |

### Coiste Airgeadais

| | |
|---|---|
| Paul Kiely | Cathaoirleach |
| Dermot Killen | |
| Neil Ormond | |
| Séamus Sheerin | |

### Coiste Luach Saothair

| | |
|---|---|
| Paul Kiely | Cathaoirleach |
| John J. Lynch | |
| Séamus Sheerin | |

### Coiste Réadmhaoine

| | |
|---|---|
| Neil Ormond | Cathaoirleach |
| Graham Lightfoot | |
| Yvonne Scannell | |
| 1 Fholúntas | |

### Coiste Sábháilteachta

| | |
|---|---|
| Dermot Killen | Cathaoirleach (Ceaptha an 3 Márta 2010) |
| Graham Lightfoot | (Ceaptha an 3 Márta 2010) |
| 2 Fholúntas | |

### Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

| | |
|---|---|
| Roddy Connolly | Príomhoifigeach Airgeadais |
| Paddy Doherty | Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath |
| Dick Fearn | Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann |
| Martin Nolan | Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann |
| Brian Stack | Stiúrthóir Bainistíochta, Turais Idirnáisiúnta CIÉ |

## Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers,
Cuntasóirí Cairte agus
Iniúchóirí Cláraithe
Aon Duga Spencer,
Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1.

## Aturnae

Colm Costello,
Teach Uisce an Droichid,
Droichead na hInse
Baile Átha Cliath 8.

## Príomhbhaincéir

Banc na hÉireann,
Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2.



# Baill an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa (ar lean)

## Bord Chóras Iompair Éireann

### John Lynch, Cathaoirleach Feidhmiúcháin

Ceapadh John Lynch ina Chathaoirleach ar CIÉ agus ar a gcuid fochuideachtaí a chéaduair i mí an Mhárta 2000. Roimh a cheapachán do Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ, bhí sé ina Chathaoirleach agus ina Ard-Stiúrthóir ar FÁS. Roimhe sin, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Gáis agus ar Airmheán Táirgiúlachta na hÉireann. Bhí sé ina stiúrthóir ar roinnt cuideachtaí príobháideacha leis. Bhain John cáilíocht amach mar innealtóir in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail sé ar Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath freisin agus ghnóthaigh sé BComm amach in 1971 agus MBA in 1974. Sa mhullach air sin, shaothraigh sé dochtúireacht i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

### Mick Cullen

Ceapadh Mick Cullen ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Mick i mbun oibre le hIarnród Éireann sa bhliain 1972 agus oibríonn sé i Loch Garman mar chomharthóir. Tá sé ina bhall de SIPTU agus déanann sé ionadaíocht d'oibrithe iarnróid.

### Paul Kiely

Rinne Paul Kiely staidéar ar Chuntasaíocht Bhainistíochta agus Chostála sa Choláiste Tráchtála i Ráth Maonais sular thosaigh sé amach sa Phríomh-Chlinic Íocshláinteach (CRC) i mí Eanáir 1977. Ceapadh é mar Phríomhfheidhmeannach an CRC i mí Eanáir 1988 agus tá an post sin aige go fóill. Bhí Paul ina stiúrthóir ar Great Southern Hotels idir 1988 agus 1995 agus bhí baint aige le mórán cuideachtaí san earnáil chúram sláinte/mhíchumais mar stiúrthóir. Cuireadh ar Bhord CIÉ é i mí na Nollag 1998.

### Dermot Killen

Comhairleoir gnó is ea Dermot Killen. Is comhpháirtí é in McGuinness Killen Partnership Ltd. Anuas air sin, is léachtóir é i mBainistíocht Acmhainní Daonna ag leibhéil fochéime agus iarchéime in NCI agus i mBainistíocht Acmhainní Daonna agus i mBainistíocht Oibríochtaí ag leibhéal fochéime in IT Cheatharlach. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir HR i nGrúpa Smurfit in Éirinn agus sa R.A. Tá taithí ag Dermot i bhforbairt beartais agus straitéise ó thaobh an ghnó de i réimse iomlán na saincheisteanna HR agus IR. Is céimí innealtóireachta é ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Sa mhullach air sin, tá Máistreacht in Iompraíocht Eagraíochta (TCD) agus Máistreacht i dTaighde Gnó (Durham, an R.A.) aige agus is Comhalta é den Chartered Institute of Personnel and Development. Cuireadh Dermot ar Bhord CIÉ i mí na Bealtaine 2009.

### Graham Lightfoot

D'éirigh Graham Lightfoot ina bhall de Bhord CIÉ i mí Aibreáin 2008. Is sainchomhairleoir iompair inbhuanaithe é agus is Stiúrthóir Bainistíochta Mendes Ltd. agus GoCar CarSharing Ltd. é leis. Tá taithí aige i scéimeanna pobalbhunaithe agus i scéimeanna paisinéirí poiblí in Éirinn, sa Bhreatain agus san Astráil. Bhí baint aige le tionscadail áitiúla forbartha pobail chomh maith. Tá Graham ina Bhall Cairte den Chartered Institute of Logistics & Transport Ireland agus tá BSc aige i mBainistíocht agus Pleanáil Iompair.

### Bill McCamley

Ceapadh Bill McCamley do Bhord CIÉ a chéaduair i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Bill ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1974 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de SIPTU agus rinne sé ionadaíocht d'oibrithe bus ag leibhéal áitiúil agus brainse le blianta fada anuas.

### Willie McDermott

Ceapadh Willie McDermott do Bhord CIÉ i mí na Nollag 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Willie ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU agus déanann sé ionadaíocht d'oibrithe bus.

### John Moloney

Ceapadh John Moloney do Bhord CIÉ i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh John ag oibriú le Bus Éireann sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU.

# Baill an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa (ar lean)

## Bord Chóras Iompair Éireann
(ar lean)

### Neil Ormond

Tá Neil Ormond ina bhall ainmnithe fostóra den Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Bhíodh sé ina stiúrthóir in Irish Biscuits Ltd. agus in Trent Yeast Ltd. (an R.A.). Ba Cheannasaí Táirgeachta é freisin sa Bovril Group (an R.A.). D'éirigh Neil ina bhall de Bhord CIÉ i mí an Mhárta 2005.

### Yvonne Scannell

Ceapadh Yvonne Scannell do Bhord CIÉ a chéaduair i mí an Mhárta 2005. Is ollamh í i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tugann sí léachtaí faoi Dhlí Comhshaoil, Pleanála agus Úsáid Talún agus faoi Dhlí Rialála. Is sainchomhairleoir í sa Dlí Comhshaoil, Pleanála agus Athrú Aeráide le hAturnaetha Arthur Cox. Ainmníodh í go rialta mar cheann de na dlíodóirí comhshaoil is fearr in Éirinn agus scríobh sí sé leabhar faoin ábhar. Tá an-taithí chorparáideach aici i ndiaidh di bheith ar roinnt bord, lena n-áirítear Mianaigh na Teamhrach, Coillte, EBS, and Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann. Tá sí ina ball den Chomhairle Eorpach um Dhlí Comhshaoil agus den Chomhairle Idirnáisiúnta um Dhlí Comhshaoil.

### Séamus Sheerin

Ceapadh Séamus Sheerin ar Bhord CIÉ i mí Aibreáin 2008. Is Stiúrthóir Bainistíochta é ar Capital Securities Corporation. Gnóthas iad seo atá bunaithe i lár na tíre a phléann le cothromas príobháideach. Bhunaigh sé Capital Securities lena chuid comhghleacaithe sa bhliain 2005. Tá straitéis earnála agus gheilleagrach acu agus tá leas acu i mbia miondíola agus i gcúram sláinte sa Ghearmáin, mar aon le leasanna dúchasacha sna hearnálacha seirbhíse in Éirinn agus sa R.A. Is céimí é Séamus de chuid Institiúid na mBaincéirí (*Institute of Bankers*) agus tá cáilíochtaí aige sa chuntasaíocht, san eacnamaíocht, sa dlí agus sa mhargaíocht. Tá M.B.A. aige ó Scoil Ghnó Henley in Ollscoil Reading sa R.A.





# Ráiteas ar Rialachas Corparáideach

Leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit prionsabail an rialachais chorparáidigh a gcaithfidh Comhlachtaí Stáit cloí leo. Tacaíonn Córas Iompair Éireann le prionsabail agus le forálacha an Chóid Chleachtais.

## An Bord

Cuimsíonn an Bord dháréag ball atá ceaptha ag an Rialtas. Tá ceathrar ball oibre sa dháréag sin atá ceaptha ag an Rialtas ar feadh téarma ceithre bliana i ndiaidh toghchán ag foireann an Ghrúpa. Tá folúntas amháin ann i láthair na huaire.

Buaileann an Bord le chéile gach mí agus ar ócáidí eile faoi mar is cuí. Tá sceideal foirmiúil ábhar aige atá coimeádta go speisialta dá athbhreithniú, lena n-áirítear formheas na ráiteas airgeadais bliantúil, buiséid, an plean corparáideach, éadálacha agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, caiteachas caipitil suntasach, ceapacháin an lucht bainistíochta sinsearaí agus mórbheartais an Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord ar bhonn míosúil.

Tá rochtain ag gach ball den Bhord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Ghrúpa.

## Coistí an Bhoird

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Cuimsíonn na coistí Coiste Iniúchta (féach thíos), Coiste Airgeadais (féach thíos), Coiste Réadmhaoine, Coiste Sábháilteachta agus Coiste Luach Saothair. Tá a gcuid ball liostaithe ar leathanach 22.

## Coiste Iniúchta

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Iniúchta agus tá ceathrar ball neamhfheidhmiúcháin den Bhord air. Áirítear sa phróiseas ina bhfeidhmíonn an coiste bualadh le chéile go tréimhsiúil le lucht bainistíochta sinsearaí an Ghrúpa, leis na hiniúchóirí seachtracha agus le Ceann an Iniúchta Inmheánaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha an Ghrúpa, na pleananna iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh agus na torthaí dá éis, roghnú na mbeartas cuntasaíochta, an tuarascáil reachtúil iniúchta, tuairisciú airgeadais lena n-áirítear na cuntais bhliantúla iniúchta agus ábhair ghaolmhara eile.

Tá an Coiste Iniúchta freagrach chomh maith as athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus ar oibiachtúlacht na n-iniúchóirí seachtracha, agus as athbhreithniú a dhéanamh ar nádúr agus réim na hoibre neamh-iniúchta a dhéanann siad d'fhonn cothromaíocht chuí a chinntiú idir oibiachtúlacht agus éifeachtúlacht chostais. Tá rochtain iomlán neamhshrianta ag na hiniúchóirí seachtracha agus ag Ceann an Iniúchta Inmheánaigh ar an gCoiste Iniúchta. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar chruinnithe an Choiste Iniúchta agus buaileann siad leis an gCoiste gach bliain gan an lucht bainistíochta i láthair chun a chinntiú nach bhfuil aon saincheisteanna imní ann nár pléadh roimhe sin.

## Coiste Airgeadais

Tá ceathrar ball den Bhord ar an gCoiste Airgeadais agus tá téarmaí tagartha i scríbhinn acu. Áirítear sa phróiseas ina bhfeidhmíonn an coiste bualadh leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus leis an lucht bainistíochta sinsearaí ó na fochuideachtaí gach mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú chlár caipitil an Ghrúpa, an tús áite a thugtar do thograí caiteachas caipitil na bhfochuideachtaí, buiséid bhliantúla chaipitil agus oibriúcháin agus beartais chistíochta, soláthair agus diúscartha an Ghrúpa. Déanann an coiste athbhreithniú chomh maith ar straitéisí árachais agus airgeadais an Ghrúpa. Tá siad freagrach freisin as a chinntiú go gceadaíonn córais faisnéise bhainistíochta an Ghrúpa cur i bhfeidhm éifeachtach straitéisí airgeadais an Bhoird.

## Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Tá freagracht iomlán ag an mBord as córais an Ghrúpa i leith rialú inmheánach airgeadais. Ní féidir leis na córais seo ach dearbhú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráiteas nó caillteanas ábhartha.

**Áirítear a leanas le córais iomlána rialaithe an Ghrúpa:**

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainmhínithe go soiléir lena ngabhann teorainneacha údaráis i scríbhinn,

leithscaradh feiliúnach dualgas agus modhanna tuairiscithe do leibhéil níos airde den lucht bainistíochta, do bhoird na bhfochuideachtaí, do Choistí Boird agus don Bhord. Coimeádtar beartais mhionsonraithe ar príomhréimsí atá i mbaol airgeadais lena n-áirítear riosca cistíochta.

- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála ina gcuirtear an fheidhmíocht féin i gcomparáid leis an mbuiséad a formheasadh roimh ré ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus ina ndéantar imscrúdú ar aon treochtaí nó éagsúlachtaí suntasacha. Scaiptear na tuarascálacha ar an mBord ar bhonn míosúil le haghaidh athbhreithniú.
- Bunú treoirlínte soiléire chun caiteachas caipitil a fhormheas agus a rialú. Ina measc seo áirítear ullmhú buiséid bhliantúla chaipitil arna bhformheas ag an mBord i gcomhairle leis an Roinn Iompair, agus staidéir indéantachta agus measúnaithe ar thionscadail shuntasacha chaipitil ar bhonn aonair sula bhformheasann an leibhéal oiriúnach údaráis iad (lena n-airítear an Roinn Iompair le haghaidh tionscadail níos mó). Maidir le mórthionscadail chaipitil, ullmhaítear tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn don lucht bainistíochta agus don fhobhord ábhartha. Tá sé riachtanach páipéar foirmiúil socraíochta a chomhlíonadh i gcomhair na dtionscadal suntasach caipitil uile.
- Laistigh d'Iarnród Éireann, déanann an Grúpa Comhairleach Bonneagair, ina bhfuil stiúrthóirí agus lucht bainistíochta sinsearaí de chuid Iarnróid Éireann, athbhreithniú míosúil ar thograí tionscadail, próisis tairisceana agus mheasúnaithe a ghlactar agus dul chun cinn ar mhórthionscadail chaipitil in aghaidh amchláir thionscadail agus buiséad.

Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa, a bhfuil ról sa Ghrúpa ar fad acu, athbhreithniú rianúil ar rialuithe inmheánacha. Sna hathbhreithnithe seo, leagann Iniúchadh Inmheánach béim ar réimsí atá níos mó i mbaol faoi mar a shainaithin a gcreatlach anailíse riosca. Sainmhíníonn cairt arna fhormheas ag an mBord ról agus freagrachtaí na rannóige Iniúchadh Inmheánach. Tuairiscíonn iniúchóir inmheánach an Ghrúpa go foirmiúil don Choiste Iniúchta.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an gCoiste Iniúchta, ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais trí na bearta seo a leanas:

- Athbhreithniú ar chlár an iniúchta inmheánaigh (arna ullmhú tar éis a bpróisis um measúnú riosca iniúchta) agus breithniú ar a gcuid mórthorthaí.
- Breithniú ar mhórthorthaí aon imscrúdaithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar thuarascáil an iniúchóra sheachtraigh, ina bhfuil sonraí ar aon cheisteanna rialaithe ábhair a sainaithníodh mar thoradh ar a n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Tá próiseas um Bainistíocht Riosca Uilefhiontair (EWRM) i bhfeidhm le díriú ar impleachtaí na mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear rioscaí airgeadais, oibriúcháin, straitéiseacha, guaise agus comhlíonta. Sholáthródh an próiseas seo an deimhniú go n-aithneofaí rioscaí ábhair agus go rachfar i mbun na ngníomhartha oiriúnacha. Tá cláir rioscaí doiciméadaithe i bhfeidhm.

## Luach Saothair Bhaill Feidhmiúcháin an Bhoird

Tá beartais Chóras Iompair Éireann maidir le luach saothair bhaill feidhmiúcháin an Bhoird de réir na cáipéise, "Socruithe chun luach saothair na gComhlachtaí Stáit Tráchtála a chinneadh faoi choimirce na Roinne Fiontar Poiblí" (*Arrangements for determining the remuneration of Commercial State Bodies under the aegis of the Department of Public Enterprise*) arna heisiamh i mí Iúil 1999. Is é an Cathaoirleach an t-aon bhall feidhmiúcháin den Bhord. Tá a luach saothair leagtha amach laistigh de raon a chinn na hAirí Airgeadais agus Iompair.

## Luach Saothair na mBall Eile

Cinneann an tAire Iompair luach saothair na mball eile den Bhord maidir lena ndualgais mar bhaill den Bhord. Ní fhaigheann siad pinsin as a ndualgais mar bhaill den Bhord.

Íoctar luach saothair chomh maith le baill den Bhord a ceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 de réir a gconarthaí fostaíochta.

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird/ Coiste

Seo thíos liosta de thinreamh na mball den Bhord ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh i rith 2010.

# Ráiteas ar Rialachas Corparáideach (ar lean)

## Tinreamh ag Cruinnithe Bord/Coiste CIÉ in 2010

| Ball den Bhord | Bord CIÉ | Coiste Airgeadais | Coiste Iniúchta | Coiste Réadmhaoine | Coiste Luach Saothair | Coiste Sábháilteachta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| John Lynch | 11/11 | | | | 4/4 | |
| Mary Canniffe | 3/4 | | | | | |
| Mick Cullen | 11/11 | | | | | |
| Paul Kiely | 10/11 | 14/14 | 8/8 | | 4/4 | |
| Dermot Killen | 11/11 | 13/14 | 7/8 | | | 4/4 |
| Graham Lightfoot | 10/11 | | 7/8 | 3/5 | | 4/4 |
| Bill McCamley | 6/11 | | | | | |
| Willie McDermott | 10/11 | | | | | |
| John Moloney | 9/11 | | | | | |
| Neil Ormond | 9/11 | 9/14 | 7/8 | 5/5 | | |
| Yvonne Scannell | 7/11 | | | 4/5 | | |
| Séamus Sheerin | 8/11 | 7/14 | | | 2/4 | |

## Gnóthas Leantach

Tá baill an Bhoird sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann siad orthu ag glacadh le bunús 'an ghnóthais leantaigh' i leith ullmhú na gcuntas.

Thar ceann an Bhoird:

**An Dr J. J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal P. Kiely** Ball den Bhord

An 6 Aibreán 2011

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Cinneann an tAcht Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh na freagrachtaí atá ar bhaill de Bhord Chóras Iompair Éireann. Éilíonn an reachtaíocht seo ar bhaill an Bhoird a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann, de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta, léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí an Ghrúpa agus ar bharrachas nó ar easnamh an Ghrúpa don tréimhse sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais dóibh, ceanglaítear ar bhaill an Bhoird na nithe seo a leanas a chinntiú:

- go roghnaítear beartais oiriúnacha chuntasaíochta agus go gcuirtear chun feidhme iad go comhsheasmhach;
- go bhfuil aon bhreithiúnais nó meastacháin a dhéantar réasúnach agus stuama; agus
- go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach mura bhfuil sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá baill an Bhoird freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar taifid chuntasaíochta chuí a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais an Ghrúpa agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais ceanglais an Achta Iompair, 1950 agus na rialacháin uile a fhorléireofar mar aon ní amháin leis an Acht.

Tá siad freagrach chomh maith as na céimeanna atá ar fáil dóibh go réasúnta a thógáil chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Is iad na bearta a thóg an Bord d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí a n-oibleagáidí chun leabhair chuí chuntais a choimeád, córais agus nósanna imeachta feiliúnacha a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntais i Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Cinneann an tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986 agus dlí infheidhmithe cuideachta freagrachtaí na stiúrthóirí ar fhochuideachtaí an Ghrúpa.





# Tuarascáil an Iniúchóra chuig an Aire Iompair

Mar iniúchóirí arna gceapadh ag Córas Iompair Éireann faoi Alt 34 (2) den Acht Iompair, 1950 le do thoiliú, tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 32 go 69 a ullmhaíodh faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach ar leathanaigh 32 go 33.

## Freagrachtaí na mBall den Bhord agus na nIniúchóirí faoi Seach

Tá freagrachtaí an Bhoird i leith an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn) leagtha amach ar leathanach 29 sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir ceanglais ábhartha dlí agus rialála agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, don Aire Iompair amháin de réir Alt 34(2)(a) den Acht Iompair, 1950 agus ní ar aon chúis eile. Ní ghlacaimid, agus sinn ag léiriú na tuairime seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dóibh seachas mura dtugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid ár dtuairim daoibh i leith cibé acu an dtugann nó nach dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí, ar thorthaí agus ar shreafaí airgid an Ghrúpa de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leo in Éirinn. Sonraímid cibé acu an bhfuaireamar nó nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaíonn uainn inár n-iniúchadh agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann i gcomhréir leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid ár dtuairim daoibh chomh maith i leith cibé acu ar choimeád nó nár choimeád Córas Iompair Éireann leabhair chuí chuntais.

Tugaimid tuairisc daoibh freisin mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis a shonraítear sa dlí i ndáil le luach saothair agus idirbhearta na mball den Bhord agus más féidir, déanaimid an fhaisnéis sin a chur inár dtuarascáil.

Déanaimid athbhreithniú ar cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a cheanglaíonn an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a rinneadh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach ar leathanaigh 26 go 28 comhlíonadh an Ghrúpa le halt 13.1 (iii) den Chód agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé i gcomhréir le faisnéis ar a bhfuil eolas againn ónár gcuid obair iniúchta faoi na ráitis airgeadais, agus tuairiscímid í mura bhfuil. Ní cheanglaítear orainn breithniú a dhéanamh ar cibé acu an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn ráitis an Bhoird ar rialú inmheánach airgeadais na rioscaí agus na rialuithe uile, ná tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht nósanna imeachta an Ghrúpa um rialachas corparáideach ná a nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Léamar an fhaisnéis uile sa Tuarascáil Bhliantúil. Ní chuimsíonn an fhaisnéis eile seo ach Ráiteas an Chathaoirligh agus Athbhreithniú ar Oibríochtaí. Déanaimid breithniú dár dtuarascáil ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta agus ar na himpleachtaí má thugaimid aon mhíráitis dhealraitheacha nó neamhréireachtaí ábhair faoi deara. Ní phléimid le faisnéis ar bith eile inár gcuid freagrachtaí.

## Bunús na Tuairime Iniúchta

Thugamar faoinár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an R.A. agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Is éard a áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise lena mbaineann méid agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, áirítear measúnú leis an iniúchadh ar na meastacháin agus ar na breithiúnais thábhachtacha a thug na baill den Bhord i rith ullmhú na ráiteas airgeadais, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chás an Ghrúpa, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go cuí.

Phleanálamar agus thugamar faoinár n-iniúchadh d'fhonn an fhaisnéis agus na mínithe uile a fháil a shíleamar a bhí riachtanach chun dóthain fianaise a chruthú le cinntiú nach bhfuil míráiteas ábhartha, bíodh calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Agus ár dtuairim á cruthú againn, rinneamar measúnú freisin ar oiriúnacht iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, ar staid chúrsaí Chóras Iompair Éireann agus an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2010 agus ar shreafaí airgid agus easnamh an Ghrúpa don bhliain sin.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uainn inár n-iniúchadh. Is é ár dtuairim gur choimeád Córas Iompair Éireann leabhair chuí chuntais. Tá clár comhardaithe Chóras Iompair Éireann i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

**PricewaterhouseCoopers,**

Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Baile Átha Cliath.
An 6 Aibreán 2011



# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Mar seo a leanas iad na beartais thábhachtacha chuntasaíochta agus na teicnící meastacháin arna nglacadh ag an nGrúpa:

### (A) BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éireann agus reacht na hÉireann a chuimsíonn an tAcht Iompair, 1950 agus Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is ionann caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn a úsáidtear in ullmhú ráiteas airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom agus iad sin arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

### (B) BUNÚS AN CHOMHDHLÚTHAITHE

Is comhdhlúthú de ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann agus a gcuid fochuideachtaí iad ráitis airgeadais an Ghrúpa:

Iarnród Éireann-Irish Rail

Bus Éireann-Irish Bus

Bus Átha Cliath-Dublin Bus

Glactar le Turais Idirnáisiúnta CIÉ Corpraithe mar bhrainse de Chóras Iompair Éireann chun críocha cuntasaíochta.

### (C) IONCAM

Cuimsíonn ioncam oll-luach na seirbhísí a sholáthraítear.

### (D) SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Is iad seo a leanas bunúis ríomha an dímheasa:

#### (i) Línte agus oibreacha iarnróid

Tá gréasán córas i gceist le línte agus oibreacha iarnróid. Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán atá ann cheana, a chothaíonn an cumas oibriúcháin de réir caighdeáin shainmhínithe seirbhíse, mar bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus áirítear é ar a chostas i ndiaidh deontais a bhaint.

Is ionann an muirear dímheasa do línte agus oibreacha iarnróid atá ann cheana agus leibhéal measta an chaiteachais bhliantúil atá riachtanach chun cumas oibriúcháin an ghréasáin a choinneáil atá bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainní Iarnróid Éireann-Irish Rail.

Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a chumas nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus breis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ar a chostas agus dímheastar é ar feadh a shaolré fónta.

#### (ii) Rothstoc iarnróid

Déantar dímheas ar innill iarnróid (seachas iad sin a dhímheastar go hiomlán nó a gnóthaíodh gan costas a íoc), trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn a gcostas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

Déantar dímheas ar ráilcharranna, ar stoc cóistí agus ar vaigíní chomh maith, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

#### (iii) Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar dímheas ar chostais stairiúla na bhfeithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a gcuid saolréanna fónta measta ar bhonn céatadán laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostais stairiúla na mbusanna scoile i dtráthchodanna bliantúla cothroma thar a gcuid saolréanna fónta measta.

#### (iv) Feithiclí lasta bóthair

Déantar dímheas ar na sócmhainní seo ar bhonn costais stairiúla a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta trí úsáid a bhaint as suim an mhodha dhigitigh.

#### (v) Dugaí, calafoirt agus calaí; gléasra agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar dímheas ar na ranguithe sócmhainne thuas, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costais stairiúla a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

#### (vi) Talamh agus foirgnimh

Déantar dímheas ar fhoirgnimh, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costais stairiúla a leatar thar shaolré de chaoga bliain. Áirítear luach de réir leabhar na talún agus na bhfoirgneamh atá ar díol agus ar cosúil go ndiúscrófar iad sa dhá mhí dhéag atá le teacht sna sócmhainní reatha de réir mar is cuí.

### (E) SÓCMHAINNÍ AR LÉAS

#### (i) Léasanna airgeadais

Tugtar cuntas ar shócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag Tabhairt Cuntais ar Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Tá costais chaipitil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó thar shaolré fónta measta na sócmhainne. Áirítear gnéithe caipitiúla na n-oibleagáidí léasa gan íoc i gcreidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais thar phríomhthréimhse an léasa.

**(ii) Léasanna oibriúcháin**

Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

**(F) STOIC**

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus ar pháirteanna spártha ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú.

Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

**(G) OIBLEAGÁIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA SEIRBHÍSE POIBLÍ AGUS DEONTAIS EILE STÁTCHISTE**

**(i) Deontais do línte agus d'oibreacha iarnróid atá ann cheana**

Baintear deontais a fhaightear do línte agus d'oibreacha iarnróid atá ann cheana ó chostais na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas seo de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a éilíonn sócmhainní seasta inláimhsithe a bheith léirithe ar a costas agus deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha dá réir. Is riachtanach an t-imeacht seo ó cheanglais Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 i dtuairim an Bhoird, chun go dtaispeánfaidh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom toisc nach bhfuil saolta inchinntithe ag na línte agus oibreacha iarnróid seo agus, dá bhrí sin, níl aon bhunús ann ina bhféadfaí deontais agus ranníocaíochtaí agus ioncam iarchurtha a shainaithint.

**(ii) Deontais do chaiteachas caipitil eile**

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

**(iii) Deontais ioncaim**

Tugtar deontais ioncaim chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais sa bhliain ina mbíonn siad infhála.

**(iv) Deontais infheistíochta sábháilteachta**

Déantar deontais infheistíochta sábháilteachta a amúchadh chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

**(H) Airgeadra Eachtrach**

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta a bhíonn i mbun rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachain mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta a luaitear sa chlár comhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

Aistrítear iasachtaí fadtéarmacha airgeadra eachtraigh, lena n-áirítear an chuid sin a bhíonn iníoctha laistigh de bhliain amháin de dháta an chláir chomhordaithe, ag na rátaí malairte a bhíonn i mbun rialú ag dáta an chláir chomhordaithe (rátaí deiridh) agus beidh na gnóthachain nó na caillteanais a leanann astu sin san áireamh sa chuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais.

**(I) PINSIN**

Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin le sochar sainithe ag luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin le sochar sainithe ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta chreidmheasa. Léirítear farasbarr na ndliteanas scéime thar shócmhainní scéime sa chlár comhardaithe mar dhliteanas. Tá an costas reatha seirbhíse agus costais seirbhíse roimhe seo sa mhuirear pinsin a ghearrtar ar bhrabús oibriúcháin. Cuirtear farasbarr an toraidh ionchais ar shócmhainní scéime thar an gcostas úis ar na dliteanais scéime i láthair sa chuntas brabúis agus caillteanais mar ioncam eile airgeadais. Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as na hathruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachas agus easnamh ó thaithí sa ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad.

**(J) COSTAIS BHONNEAGAIR IARNRÓID**

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle AE, éilítear ar Iarnród Éireann-Irish Rail a chinntiú go gcoimeádtar na cuntais do ghnó na seirbhísí iompair agus iad sin do ghnó bhainistíocht an bhonneagair iarnróid ar leithligh. Cinntear na costais bhonneagair de réir Iarscríbhinn 1.A. de Rialachán AE, Uimh. 2598/70.

# Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais

| An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig | *Nótaí* | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Ioncam** | *1* | **711,328** | 742,045 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | 3 | **(563,155)** | (579,879) |
| Ábhair agus seirbhísí | *4* | **(381,106)** | (432,319) |
| Dímheas | *5* | **(57,890)** | (60,487) |
| Costais oibriúcháin eisceachtúla | *6* | **(31,067)** | (40,792) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | | **(1,033,218)** | (1,113,477) |
| **Easnamh roimh bhrabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe, úis agus deontas/Oibleagáidí na Seirbhíse Poiblí** | | **(321,890)** | (371,432) |
| Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | *7* | **682** | 3,510 |
| **Easnamh roimh ús agus deontais/Oibleagáidí na Seirbhíse Poiblí** | | **(321,208)** | (367,922) |
| Ús infhála | | **648** | 2,400 |
| Ús iníoctha - Oibríoch | *8* | **(1,722)** | (2,058) |
| - Bonneagar iarnróid | *8* | **(951)** | (1,133) |
| Costas eile airgeadais | 22 | **(18,600)** | (24,900) |
| **Easnamh don bhliain roimh dheontais/Oibleagáidí na Seirbhíse Poiblí** | | **(341,833)** | (393,613) |
| Oibleagáidí na Seirbhíse Poiblí agus deontais eile Státchiste | *9* | **288,236** | 315,960 |
| **Easnamh don bhliain** | | **(53,597)** | (77,653) |

Léirítear gluaiseachtaí sna cúlchistí i Nóta 20 leis na ráitis airgeadais. Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leantacha an Ghrúpa.

Thar ceann an Bhoird:

**An Dr J. J. Lynch** Cathaoirleach
**An tUasal P. Kiely** Ball den Bhord

# Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

| An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig | *Nótaí* | **2010** | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| Easnamh don bhliain | | **(53,597)** | (77,653) |
| Gnóthachan achtúireach maidir le scéimeanna pinsin | *22* | **199,400** | 23,200 |
| Gnóthachan/(caillteanas) aitheanta iomlán don bhliain | | **145,803** | (54,453) |

# Clár Comhardaithe Comhdhlúite

| **Amhail an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2010** | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *11* | **2,919,366** | 2,818,246 |
| Sócmhainní airgeadais | *12* | **20** | 20 |
| | | **2,919,386** | 2,818,266 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *13* | **48,066** | 63,805 |
| Féichiúnaithe | *14* | **54,870** | 163,828 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **14,565** | 1,532 |
| | | **117,501** | 229,165 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *15* | **(479,248)** | (500,451) |
| **Glandliteanais reatha** | | **(361,747)** | (271,286) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **2,557,639** | 2,546,980 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin) | *16* | **(16,165)** | (60,988) |
| **Soláthairtí do dhliteanais agus táillí** | *18* | **(182,458)** | (190,239) |
| **Oibleagáid na sochar scoir** | *22* | **(348,700)** | (547,000) |
| **Ioncam iarchurtha** | *19* | **(2,210,650)** | (2,094,890) |
| | | **(200,334)** | (346,137) |
| **Arna maoiniú acu seo a leanas:** | | | |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste caipitil | | **28,556** | 28,556 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | *20* | **(241,401)** | (387,204) |
| Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha | | **12,511** | 12,511 |
| | *20* | **(200,334)** | (346,137) |

Thar ceann an Bhoird:

**An Dr J. J. Lynch** Cathaoirleach
**An tUasal P. Kiely** Ball den Bhord

# Clár Comhardaithe na Cuideachta

| Amhail an 31 Nollaig | *Nótaí* | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *11* | **889,602** | 827,950 |
| Sócmhainní airgeadais | *12* | **275,474** | 279,280 |
| | | **1,165,076** | 1,107,230 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | *14* | **9,715** | 54,404 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **13,970** | 809 |
| | | **23,685** | 55,213 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *15* | **(257,088)** | (274,613) |
| **Glandliteanais reatha** | | **(233,403)** | (219,400) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **931,673** | 887,830 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin) | *16* | **(16,165)** | (60,988) |
| **Ioncam iarchurtha** | *19* | **(658,141)** | (577,311) |
| | | **257,367** | 249,531 |
| **Arna maoiniú acu seo a leanas:** | | | |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste caipitil | | **28,556** | 28,556 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | *20* | **216,300** | 208,464 |
| Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha | | **12,511** | 12,511 |
| | *20* | **257,367** | 249,531 |

Thar ceann an Bhoird:

**An Dr J. J. Lynch** Cathaoirleach
**An tUasal P. Kiely** Ball den Bhord

# Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid



| An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig | *Nótaí* | **2010** | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *21(A)* | **73,447** | (66,341) |
| **Toradh infheistíochtaí, fónamh a dhéanamh ar airgeadas agus ioncam eile airgeadais** | *21(B)* | **(2,025)** | (791) |
| **Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais** | *21(B)* | **29,861** | (2,975) |
| **Insreabhadh (eis-sreabhadh) airgid roimh úsáid as acmhainní leachtacha agus maoiniú** | | **101,283** | (70,107) |
| **(Laghdú)/méadú i bhfiach a mhaoiniú** | *21(B)* | **(87,303)** | 27,915 |
| **Méadú/(laghdú) ar airgead sa bhliain** | | **13,980** | (42,192) |
| | | | |
| **Réiteach glansreafa airgid go gluaiseacht i nglanfhiach** *(nóta 21c)* | | | |
| Méadú/(laghdú) ar airgead sa bhliain | | **13,980** | (42,192) |
| Gluaiseacht airgid ó (mhéadú)/laghdú i maoiniú léasa agus féich | | **87,303** | (27,915) |
| **Athrú ar ghlanfhiach mar thoradh ar shreafaí airgid** | | **101,283** | (70,107) |
| | | | |
| **Gluaiseacht i nglanfhiach sa bhliain** | | **101,283** | (70,107) |
| Glanfhiach amhail an 1 Eanáir | | **(118,385)** | (48,278) |
| **Glanfhiach amhail an 31 Nollaig** | | **(17,102)** | (118,385) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. BRABÚS AGUS CAILLTEANAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

| | Comh-dhlúthú FRS 17 €000 | CIÉ €000 | Iarnród Éireann -Irish Rail €000 | Bus Éireann -Irish Bus €000 | Bus Átha Cliath -Dublin Bus €000 | Iomlán 2010 €000 | Iomlán 2009 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam:** | | | | | | | |
| **Iarnród** | | | | | | | |
| - Rannóg iarnróid fho-uirbigh | | | 50,592 | | | 50,592 | 51,687 |
| - Rannóg na príomhlíne iarnróid | | | 113,018 | | | 113,018 | 117,778 |
| | | | 163,610 | | | 163,610 | 169,465 |
| **Rannóg lasta** | | | 5,079 | | | 5,079 | 4,977 |
| **Calafort Ros Láir** | | | 10,123 | | | 10,123 | 10,957 |
| **Seirbhísí eile iarnróid** | | | 11,373 | | | 11,373 | 12,176 |
| **Seirbhísí paisinéirí bóthair** | | | | | | | |
| - Cathair Bhaile Átha Cliath | | | | | 182,121 | 182,121 | 196,307 |
| - Cathracha cúige | | | | 22,524 | | 22,524 | 24,640 |
| - Seirbhísí eile | | | | 263,346 | | 263,346 | 278,023 |
| **Turais** | | 37,982 | | | | 37,982 | 32,432 |
| **Príomhghníomhaíochtaí gnó** | | 15,170 | | | | 15,170 | 13,068 |
| **Ioncam iomlán** | | 53,152 | 190,185 | 285,870 | 182,121 | 711,328 | 742,045 |
| **Caiteachas:** | | | | | | | |
| **Iarnród** | | | | | | | |
| - Rannóg iarnróid fho-uirbigh: | | | | | | | |
| Costais oibriúcháin | | | 72,988 | | | 72,988 | 71,897 |
| Costais bhonneagair | | | 33,489 | | | 33,489 | 26,516 |
| - Rannóg na príomhlíne iarnróid: | | | | | | | |
| Costais oibriúcháin | | | 186,993 | | | 186,993 | 187,692 |
| Costais bhonneagair | | | 148,613 | | | 148,613 | 145,378 |
| | | | 442,083 | | | 442,083 | 431,483 |
| **Rannóg lasta** | | | 4,397 | | | 4,397 | 6,555 |
| **Calafort Ros Láir** | | | 8,430 | | | 8,430 | 8,667 |
| **Seirbhísí eile iarnróid** | | | 4,093 | | | 4,093 | 4,376 |
| **Seirbhísí paisinéirí bóthair** | | | | | | | |
| - Cathair Bhaile Átha Cliath | | | | | 272,648 | 272,648 | 290,450 |
| - Cathracha cúige | | | | 37,525 | | 37,525 | 46,209 |
| - Seirbhísí eile | | | | 294,907 | | 294,907 | 310,254 |
| **Turais** | | 37,733 | | | | 37,733 | 32,370 |
| **Príomhghníomhaíochtaí gnó** | (17,500) | 7,380 | | | | (10,120) | 11,074 |
| **Caiteachas iomlán** | (17,500) | 45,113 | 459,003 | 332,432 | 272,648 | 1,091,696 | 1,141,438 |



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 1. BRABÚS AGUS CAILLTEANAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG (ar lean)

| | Comh-dhlúthú FRS 17 €000 | CIÉ €000 | Iarnród Éireann -Irish Rail €000 | Bus Éireann -Irish Bus €000 | Bus Átha Cliath -Dublin Bus €000 | Iomlán 2010 €000 | Iomlán 2009 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Barrachas/(easnamh) de réir gníomhaíochta:** | | | | | | | |
| **Iarnród** | | | | | | | |
| - Rannóg iarnróid fho-uirbigh | | | (55,885) | | | (55,885) | (46,726) |
| - Rannóg na príomhlíne iarnróid | | | (222,588) | | | (222,588) | (215,292) |
| | | | (278,473) | | | (278,473) | (262,018) |
| **Rannóg lasta** | | | 682 | | | 682 | (1,578) |
| **Calafort Ros Láir** | | | 1,693 | | | 1,693 | 2,290 |
| **Seirbhísí eile iarnróid** | | | 7,280 | | | 7,280 | 7,800 |
| **Seirbhísí paisinéirí bóthair** | | | | | | | |
| - Cathair Bhaile Átha Cliath | | | | | (90,527) | (90,527) | (94,143) |
| - Cathracha cúige | | | | (15,001) | | (15,001) | (21,569) |
| - Seirbhísí eile | | | | (31,561) | | (31,561) | (32,231) |
| **Turais** | | 249 | | | | 249 | 62 |
| **Príomhghníomhaíochtaí gnó** | 17,500 | 7,790 | | | | 25,290 | 1,994 |
| **Barrachas/(easnamh) oibriúcháin roimh ús, brabús ar dhiúscairtí, deontais Stáit agus míreanna eisceachtúla** | 17,500 | 8,039 | (268,818) | (46,562) | (90,527) | (380,368) | (399,393) |
| Ús infhála/(iníoctha) | | 144 | (2,668) | 256 | 243 | (2,025) | (791) |
| Costas eile airgeadais *(nóta 22)* | (18,600) | | | | | (18,600) | (24,900) |
| Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe *(nóta 7)* | | 826 | 179 | (976) | 653 | 682 | 3,510 |
| **(Easnamh)/barrachas roimh dheontais Stáit, agus míreanna eisceachtúla** | (1,100) | 9,009 | (271,307) | (47,282) | (89,631) | (400,311) | (421,574) |
| **Deontais Stáit** | | | | | | | |
| - oibríoch *(nóta 9)* | | – | 67,687 | 45,039 | 75,682 | 188,408 | 208,907 |
| - bonneagar *(nóta 9)* | | – | 174,134 | – | – | 174,134 | 175,806 |
| Bonneagar deontais an AE | | – | 15,239 | – | – | 15,239 | – |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain roimh mhíreanna eisceachtúla** | (1,100) | 9,009 | (14,247) | (2,243) | (13,949) | (22,530) | (36,861) |
| Costais oibriúcháin eisceachtúla *(nóta 6)* | | (1,173) | (21,784) | – | (8,110) | (31,067) | (40,792) |
| **(Easnamh)/barrachas glan don bhliain** | (1,100) | 7,836 | (36,031) | (2,243) | (22,059) | (53,597) | (77,653) |

## 2. COSTAIS BHONNEAGAIR IARNRÓID

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| I gcomhlíonadh Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, ríomhadh na costais mar seo a leanas: | | |
| Cothabháil línte agus oibreacha iarnróid | **65,012** | 71,029 |
| Athnuachan línte agus oibreacha iarnróid | **89,545** | 68,753 |
| Caiteachas oibriúcháin (comharthú) agus caiteachais eile | **19,946** | 23,923 |
| Dímheas | **32,899** | 26,464 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | **(25,300)** | (18,275) |
| **Iomlán na gcostas bonneagair iarnróid** | **182,102** | 171,894 |
| Fóirdheontas bonneagair | **(97,718)** | (104,700) |
| Maoiniú sábháilteachta an Státchiste | **(2,110)** | (2,353) |
| Maoiniú athnuachana *[nóta 11 (a)]* | **(89,545)** | (68,753) |
| **Iomlán an mhaoinithe do bhonneagar iarnróid** | **(189,373)** | (175,806) |
| **Barrachas don bhliain** | **(7,271)** | (3,912) |
| Cionroinnt na gcostas: | | |
| **Rannóg na príomhlíne iarnróid** | **144,024** | 141,646 |
| **Rannóg lasta** | **4,589** | 3,732 |
| **Rannóg iarnróid fho-uirbigh** | **33,489** | 26,516 |
| | **182,102** | 171,894 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Pánna agus tuarastail | **538,094** | 563,056 |
| Costais leasa shóisialaigh | **46,668** | 48,690 |
| Costais eile phinsin | **35,869** | 31,719 |
| | **620,631** | 643,465 |
| Obair féin caipitlithe | **(58,106)** | (64,251) |
| **Glanchostais foirne** | **562,525** | 579,214 |
| **Luach saothair agus sochar oifige na mball den Bhord** | | |
| – le haghaidh seirbhísí mar bhaill den Bhord | **164** | 173 |
| – le haghaidh seirbhísí feidhmiúcháin | **466** | 492 |
| **Luach saothair agus sochar oifige na mball den Bhord san iomlán** | **630** | 665 |
| **Párolla agus costais ghaolmhara san iomlán** | **563,155** | 579,879 |

Tá €235,145 (2009: €235,215) san áireamh i luach saothair na mball den Bhord a íocadh leis an Dr J. J. Lynch, an Cathaoirleach Feidhmiúcháin, as seirbhísí feidhmiúcháin. Is é €15,945 (2009: €15,945) sochar inchánach charr cuideachta an Chathaoirligh agus ba é €1,256 (2009: €1,256) PRSI an Fhostóra a íocadh.

Íocadh €15,750 leis na baill den Bhord, gan an Cathaoirleach san áireamh, maidir le táillí Stiúrthóirí in 2010, ach amháin an tUasal M. Canniffe ar íocadh €6,562 léi.

Be é seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí ar fostú de réir cuideachta:

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| CIÉ | **258** | 265 |
| Iarnród Éireann-Irish Rail | **4,431** | 4,679 |
| Bus Éireann-Irish Bus | **2,704** | 2,820 |
| Bus Átha Cliath-Dublin Bus | **3,562** | 3,699 |
| | **10,955** | 11,463 |

## 4. ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Airítear a leanas i measc ábhar agus seirbhísí: | | |
| Luach saothair na n-iniúchóirí | **433** | 600 |
| Cíosanna léas oibriúcháin | **4,775** | 5,346 |
| Speansais a cúitíodh le Stiúrthóirí | **5** | 13 |
| Deontais ioncaim *(nóta 19)* | **(3,372)** | (2,468) |

**(A)** Áirítear a leanas le luach saothair na n-iniúchóirí:

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí iniúchta reachtúla | **187** | 210 |
| Seirbhísí eile dearbhaithe | **21** | 23 |
| Seirbhísí comhairleacha cánach | **191** | 322 |
| Seirbhísí eile nach seirbhísí iniúchta iad | **34** | 45 |
| | **433** | 600 |

**(B)** Áirítear a leanas le speansais a cúitíodh le Stiúrthóirí:

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Cothú/cóiríocht | **4** | 4 |
| Taisteal coigríche | **1** | 8 |
| Nithe eile | **–** | 1 |
| | **5** | 13 |

## 5. DÍMHEAS

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Dímheas *(nóta 11)* | **213,502** | 191,131 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(nóta 19)* | **(155,612)** | (130,644) |
| | **57,890** | 60,487 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 6. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN EISCEACHTÚLA

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Athstruchtúrú gnó | **(31,067)** | (40,792) |

Mar chuid de Phlean Airgeadais an Ghrúpa, lean Iarnród Éireann de chlár téarfa agus luathscoir dheonaigh. Is é €21.8 milliún an costas measta sa bhliain 2010, lena n-áirítear íocaíochtaí téarfa agus costais eile a bhaineann leis an gclár. Sa mhullach air sin, thabhaigh Bus Átha Cliath €8.1 milliún agus thabhaigh Córas Iompair Éireann (an chuideachta shealbhaíochta) €1.2 milliún in athstruchtúrú gnó i rith na bliana.

## 7. BRABÚS AR DHIÚSCAIRT NA SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Glanghnóthachan ar dhíol talún agus foirgneamh | **826** | 878 |
| (Caillteanas)/brabús ar dhiúscairt rothstoic, feithiclí, gléasra agus innealra | **(144)** | 2,632 |
| | **682** | 3,510 |

## 8. ÚS INÍOCTHA

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iasachtaí agus léasanna atá go hiomlán inaisíoctha laistigh de chúig bliana | **1,945** | 2,081 |
| Iasachtaí agus léasanna nach bhfuil go hiomlán inaisíoctha laistigh de chúig bliana | **728** | 1,110 |
| | **2,673** | 3,191 |
| **Ús cionroinnte:** | | |
| Costais oibriúcháin an Ghrúpa | **1,722** | 2,058 |
| Costais bhonneagair iarnróid | **951** | 1,133 |
| | **2,673** | 3,191 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 9. OIBLEAGÁIDÍ NA SEIRBHÍSE POIBLÍ AGUS DEONTAIS EILE STÁTCHISTE

Tá na deontais atá iníoctha le Córas Iompair Éireann de réir Rialacháin ábhartha an AE a rialaíonn cúnamh Stáit do ghnóthais iompair.
Tugtar sonraí na ndeontas Stáit de €288.236 milliún a fuarthas sa bhliain 2010 – €275.858 milliún faoi Fhotheideal C1 de Vóta 32 de Dháil Éireann agus €12.378 milliún faoin gClár Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid – sa tábla seo a leanas:

| **Deontais Stáit maidir le gníomhaíochtaí in 2010** | **Iomlán** |
|---|---|
| | **€000** |
| **Iarnród Éireann-Irish Rail** | |
| Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | 155,137 |
| An Clár Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid | 12,378 |
| **Iomlán Iarnród Éireann-Irish Rail** | 167,515 |
| **Bus Átha Cliath-Dublin Bus** | 75,682 |
| **Bus Éireann-Irish Bus** | 45,039 |
| | 288,236 |
| **Deontas Stáit breise don Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP)** | 429,343 |
| **Deontais eile Státchiste** | – |
| **Maoiniú iomlán an Stáit** | 717,579 |

**Seo a leanas mar a cuireadh maoiniú iomlán an Stáit chun feidhme:**

| | | |
|---|---|---|
| **Cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais** | | 288,236 |
| **Lúide: bonneagar** | | (99,828) |
| **Fóirdheontas agus deontais sábháilteachta iarnróid – oibríoch** | | 188,408 |
| **Fóirdheontas bonneagair agus deontais sábháilteachta iarnróid** | 99,828 | |
| **NDP – creidmheas in aghaidh athnuachan línte agus oibreacha iarnróid** | 74,306 | |
| **Fóirdheontas bonneagair *(nóta 1)*** | | 174,134 |
| **Ioncam iarchurtha – deontais chaipitil** | | 301,643 |
| **Deontais eile ioncaim Státchiste** | | 53,394 |
| **Iomlán** | | 717,579 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 10. GLANTORADH NA CUIDEACHTA SEALBHAÍOCHTA DON BHLIAIN

Léirítear achoimre ar thorthaí airgeadais na cuideachta sealbhaíochta agus a cuid fochuideachtaí i Nóta 1. B'ionann glanbharrachas na cuideachta sealbhaíochta don bhliain, i ndiaidh brabúis ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe, agus €7.836 milliún.

## 11. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | An 1 Ean. €000 | Athrangú €000 | Breiseanna €000 | Grúpa Traipisí agus Diúscairtí €000 | An 31 Nol. €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 1,496,416 | – | 134,904 | – | 1,631,320 |
| Maoiniú a fuarthas do línte agus d'oibreacha iarnróid | (1,064,139) | – | (94,887) | – | (1,159,026) |
| Rothstoc iarnróid | 1,316,822 | 236 | 91,640 | (11,708) | 1,396,990 |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 586,831 | – | 37 | (37,978) | 548,890 |
| Feithiclí lasta bóthair | 3,347 | – | – | (272) | 3,075 |
| Talamh agus foirgnimh | 896,901 | – | 78,935 | – | 975,836 |
| Gléasra agus innealra | 1,002,157 | (236) | 104,821 | (3,632) | 1,103,110 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 55,192 | – | 370 | – | 55,562 |
| **Iomlán** | 4,293,527 | – | 315,820 | (53,590) | 4,555,757 |

## 11. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar lean)

| | An 1 Ean. €000 | Athrangú €000 | Muirear don Bhliain €000 | Grúpa Traipisí agus Diúscairtí €000 | An 31 Nol. €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dímheas** | | | | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 1,262,044 | – | 101,473 | – | 1,363,517 |
| Maoiniú a fuarthas do línte agus d'oibreacha iarnróid | (1,064,139) | – | (94,887) | – | (1,159,026) |
| Rothstoc iarnróid | 440,838 | – | 83,876 | (11,709) | 513,005 |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 345,763 | – | 46,862 | (36,829) | 355,796 |
| Feithiclí lasta bóthair | 3,347 | – | – | (272) | 3,075 |
| Talamh agus foirgnimh | 68,229 | – | 16,571 | – | 84,800 |
| Gléasra agus innealra | 402,834 | – | 58,288 | (3,582) | 457,540 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 16,365 | – | 1,319 | – | 17,684 |
| **Iomlán** | 1,475,281 | – | 213,502 | (52,392) | 1,636,391 |

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Glanmhéideanna leabhair | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 267,803 | 234,372 |
| Rothstoc iarnróid | 883,985 | 875,984 |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 193,094 | 241,068 |
| Talamh agus foirgnimh | 891,036 | 828,672 |
| Gléasra agus innealra | 645,570 | 599,323 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 37,878 | 38,827 |
| **Iomlán** | 2,919,366 | 2,818,246 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 11. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar lean)

| Cuideachta | An 1 Ean. €000 | Breiseanna €000 | Traipisí agus Diúscairtí €000 | An 31 Nol. €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 894,368 | 78,593 | – | 972,961 |
| Gléasra agus innealra | 32,024 | 226 | (406) | 31,844 |
| **Iomlán** | 926,392 | 78,819 | (406) | 1,004,805 |

| | An 1 Ean. €000 | Muirear don Bhliain €000 | Traipisí agus Diúscairtí €000 | An 31 Nol. €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Dímheas** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 67,669 | 16,345 | – | 84,014 |
| Gléasra agus innealra | 30,773 | 822 | (406) | 31,189 |
| **Iomlán** | 98,442 | 17,167 | (406) | 115,203 |

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Glanmhéideanna leabhair | | |
| Talamh agus foirgnimh | 888,947 | 826,699 |
| Gléasra agus innealra | 655 | 1,251 |
| **Iomlán** | 889,602 | 827,950 |

(a) I gcomhlíonadh FRS 15, Sócmhainní Seasta Inláimhsithe, is é an bunús atá le cuntas a thabhairt ar athnuachan línte agus oibreacha iarnróid an deontas a chur do shochar i gcoinne chostas na mbreiseanna ar an ngréasán iarnróid.

## 11. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar lean)

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| **Ba iad seo a leanas an caiteachas athnuachana agus deontais ghaolmhara:** | | |
| Caiteachas athnuachana | **89,545** | 68,753 |
| Deontais Stáit | **74,306** | 68,753 |
| Deontais an AE | **20,581** | – |
| | **94,887** | 68,753 |

(b) Dímheasadh feithiclí paisinéirí bóthair ar chostas €89,446,000 (2009: €69,997,000) go hiomlán, ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Is iad seo a leanas na gnáth-shaolréanna fónta measta de na cineálacha éagsúla sócmhainne chun críocha dímheasa:

| | Saolréanna (Blianta) |
|---|---|
| Foirgnimh | 50 |
| Scáthláin Bhus | Idir 3 agus 15 |
| Trealamh lónadóireachta | Idir 5 agus 10 |
| Línte agus oibreacha iarnród | Idir 10 agus 40 |
| Rothstoc iarnróid | Idir 4 agus 20 |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | Idir 7 agus 14 |
| Feithiclí lasta bóthair | Idir 1 agus 10 |
| Gléasra agus innealra | Idir 3 agus 30 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 50 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 11. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE (ar lean)

(d) San áireamh i sócmhainní seasta inláimhsithe tá méideanna, mar a luaitear thíos, maidir le hinnill iarnróid a choimeádtar faoi léasanna airgeadais, trína bhfuil na rioscaí agus na luaíochtaí uile a bhaineann le húinéireacht sócmhainne go substaintiúil ag an gcuideachta, seachas an teideal dlí:

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas** | **92,005** | 91,244 |
| Dímheas carntha | **(75,782)** | (72,956) |
| **Glanluach leabhair amhail an 31 Nollaig** | **16,223** | 18,288 |
| **Dímheas don bhliain** | **(2,826)** | (10,063) |

(e) San áireamh sna breiseanna thuas tá íocaíochtaí ar cuntas i leith sócmhainní mar a leagtar amach thíos nach raibh i seirbhís fós:

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Rothstoc iarnróid | **109,441** | 75,599 |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | – | – |
| | **109,441** | 75,599 |

(f) Áirítear le sócmhainní seasta inláimhsithe sócmhainní bonneagair iarnróid mar seo a leanas:

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas** | **1,108,064** | 998,899 |
| Dímheas carntha | **(426,492)** | (395,822) |
| **Glanluach leabhair amhail an 31 Nollaig** | **681,572** | 603,077 |

## 12. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

| Grúpa | Infheistíochtaí trádála | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Scaireanna liostaithe | | Scaireanna neamhliostaithe | | Iomlán | |
| | **2010** | 2009 | **2010** | 2009 | **2010** | 2009 |
| | **€000** | €000 | **€000** | €000 | **€000** | €000 |
| Costas nó luacháil | **97** | 97 | **13** | 13 | **110** | 110 |
| Soláthar le haghaidh buanlaghdú ar luach | **(77)** | (77) | **(13)** | (13) | **(90)** | (90) |
| Glanmhéideanna leabhair amhail an 31 Nollaig | **20** | 20 | **–** | – | **20** | 20 |

| Cuideachta | Fochuideachtaí | | | Infheistíochtaí trádála | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Scaireanna neamhliostaithe €000 | Iasachtaí €000 | Léasanna airgeadais €000 | Scaireanna liostaithe €000 | Scaireanna neamhliostaithe €000 | Iomlán €000 |
| Costas nó luacháil | | | | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2010** | 156,178 | 99,039 | 24,063 | 34 | 13 | 279,327 |
| Breiseanna scaire in Iarnróid Éireann | 99,039 | – | – | – | – | 99,039 |
| Lúide: Laghdú ar | | | | | | |
| - léasanna airgeadais | – | – | (3,806) | – | – | (3,806) |
| - Iasacht Iarnróid Éireann | – | (99,039) | – | – | – | (99,039) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2010** | 255,217 | – | 20,257 | 34 | 13 | 275,521 |
| Soláthar le haghaidh buanlaghdú ar luach amhail an 31 Nollaig 2010 | – | – | – | (34) | (13) | (47) |
| **Glanmhéideanna leabhair amhail an 31 Nollaig 2010** | 255,217 | – | 20,257 | – | – | 275,474 |

Is ionann iasachtaí do na fochuideachtaí agus na glansócmhainní a shannann Córas Iompair Éireann d'Iarnród Éireann-Irish Rail lúide scairchaipiteal a eisíodh tráth an bhunaithe i ndiaidh atheagrú Chóras Iompair Éireann i 1987. Íocadh na hiasachtaí sin ina n-iomláine le linn na bliana trí €99,039 milliún sa bhreis i scaireanna a d'eisigh Iarnród Éireann-Irish Rail chuig Córas Iompair Éireann.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 13. STOIC

| **Grúpa** | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha | **26,376** | 25,815 |
| Stoic bhonneagair | **12,638** | 26,933 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla eile | **9,052** | 11,057 |
| | **48,066** | 63,805 |

Áirítear páirteanna agus comhchodanna leis na méideanna seo a choimeádtar go riachtanach le freastal ar riachtanais fhadtéarmacha oibriúcháin.

## 14. FÉICHIÚNAITHE

| **Grúpa** | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Féichiúnaithe trádála | **26,024** | 27,237 |
| An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | **2,838** | 10,616 |
| Tionscadail infheistíochta Iarnród Éireann sa NDP arna maoiniú ag CIÉ | **–** | 50,022 |
| Deontais infhála an AE | **10,043** | 61,619 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **15,965** | 14,334 |
| | **54,870** | 163,828 |

| **Cuideachta** | | |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **1,823** | 83 |
| Tionscadail infheistíochta Iarnród Éireann sa NDP arna maoiniú ag CIÉ | **–** | 50,022 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **7,892** | 4,299 |
| | **9,715** | 54,404 |

## 15. CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Rótharraingt bhainc | **7,417** | 8,364 |
| Iasachtaí bainc *(nóta 17)* | **7,000** | 50,251 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 26)* | **3,484** | 3,281 |
| Creidiúnaithe trádála | **121,195** | 120,670 |
| Cáin ioncaim bainte faoi PAYE | **9,066** | 7,520 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasta | **7,426** | 7,967 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **13,024** | 11,016 |
| Creidiúnaithe eile | **18,264** | 18,661 |
| Muirir athstruchtúraithe *(nóta 18)* | **41,082** | 49,749 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 18)* | **21,954** | 21,195 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 19)* | **165,496** | 140,066 |
| Fabhruithe | **63,840** | 61,711 |
| | **479,248** | 500,451 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | **29,516** | 26,503 |
| **Cuideachta** | | |
| Rótharraingt bhainc | **3,165** | 3,097 |
| Iasachtaí bainc *(nóta 17)* | **7,000** | 50,251 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 26)* | **3,484** | 3,281 |
| Creidiúnaithe trádála | **6,875** | 4,386 |
| Méideanna dlite le fochuideachtaí | **199,933** | 180,388 |
| Cáin ioncaim bainte faoi PAYE | **637** | 265 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasta | **171** | 150 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **1,132** | 646 |
| Creidiúnaithe eile | **4,513** | 2,485 |
| Muirear athstruchtúraithe *(nóta 18)* | **–** | 10,000 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 19)* | **13,431** | 11,781 |
| Fabhruithe | **16,747** | 7,883 |
| | **257,088** | 274,613 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | **1,940** | 1,061 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 16. CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)

| **Grúpa agus Cuideachta** | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Iasachtaí bainc *(nóta 17)* | – | 40,771 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 26)* | **13,766** | 17,250 |
| Cáin bhreisluacha neamh-inghnóthaithe ar léasanna airgeadais | **2,399** | 2,967 |
| | **16,165** | 60,988 |

## 17. IASACHTAÍ BAINC

| **Grúpa agus Cuideachta** | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Is inaisíoctha iad na hiasachtaí seo mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin *(nóta 15)* | **7,000** | 50,251 |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | – | 9,613 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | – | 31,158 |
| | – | 40,771 |
| **Iomlán** | **7,000** | 91,022 |

Comhlíonann cur i láthair na hanailíse aibíochta ar iasachtaí agus ar fhiacha eile thuas forálacha FRS 25, Ionstraimí Caipitil. Éilíonn an caighdeán gur chóir aibíocht an fhéich a chinneadh trí thagairt don dáta is luaithe ar féidir leis an iasachtóir íocaíocht a éileamh.

## 18. SOLÁTHAIRTÍ DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR

| | Soláthairtí struchtúraithe €000 | Éilimh Ath-Dhliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2010 | 49,749 | 211,434 | 261,183 |
| Úsáidte i rith na bliana | (38,558) | (18,319) | (56,877) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | 29,891 | 11,297 | 41,188 |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig 2010 | 41,082 | 204,412 | 245,494 |
| **Cionroinnte:** | | | |
| Dliteanais reatha *(nóta 15)* | 41,082 | 21,954 | 63,036 |
| Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | – | 182,458 | 182,458 |
| | 41,082 | 204,412 | 245,494 |
| **Cuideachta** | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2010 | 10,000 | – | 10,000 |
| Úsáidte i rith na bliana | (10,000) | – | (10,000) |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig 2010 | – | – | – |

Déantar aon chaillteanais nach gclúdaítear le hárachas seachtrach a mhuirear chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh i soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir.

Aistríodh soláthairtí a tháinig ar aghaidh ó bhlianta eile chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais i bhfianaise na n-éileamh a rinneadh le tamall anuas.

### (A) CLÚDACH SEACHTRACH ÁRACHAIS

Tá an clúdach seachtrach árachais seo a leanas ag an mBord:

**(i) Iarnród Éireann-Irish Rail**

Dliteanas Tríú Páirtí os cionn

(a) €5,000,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair iarnróid amháin agus

(b) €1,500,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éileamh faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$3,300,000.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 18. SOLÁTHAIRTÍ DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR (ar lean)

**(ii) Bus Átha Cliath-Dublin Bus**

Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €2,000,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éileamh faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$3,300,000.

**(iii) Bus Éireann-Irish Bus**

Dliteanas Tríú Páirtí os cionn

(a) €2,000,000 do bhusanna scoile agus

(b) €2,000,000 d'iompar eile bóthair d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éileamh faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$3,300,000.

**(iv) Grúpa**

Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €150,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Rioscaí Eile, ach amháin

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath i gcás damáiste ó thuilte, nuair a bhíonn an barrachas cothrom le €1,000,000 ar bhonn neamhrangaithe, agus

(b) aon damáiste eile ó thuilte nuair a bhíonn an barrachas cothrom le €250,000.

(c) Aon éilimh faoi réir dhlínse Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$150,000.

(v) Ina theannta sin, tá clúdach comhiomlán ag gach ceann de na fochuideachtaí laistigh den Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2010 agus Márta 2011, i ndáil le dliteanais tríú páirtí iompair iarnróid agus bóthair sa bhreis ar scair choinneála féin-árachais mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Iarnród Éireann-Irish Rail | €11,000,000 |
| Bus Átha Cliath-Dublin Bus | €15,000,000 |
| Bus Éireann-Irish Bus | €11,000,000 |

faoi réir scair fhoriomlán choinneála féin-árachais an Ghrúpa arb ionann í agus €27,000,000 i bhfigiúr comhiomlán na bliana ina mbeidh aon scair aonair choinneála féin-árachais sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €50,000 ina dhiaidh.

(vi) Maidir le hÁrachas Comhcheangailte Dliteanais Grúpa, nach n-eisiann dliteanas Sceimhlitheoireachta, is ionann slánaíocht fhoriomlán agus €200,000,000 don tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2010 agus Márta 2011, le haghaidh gach dliteanais iompair iarnróid agus bóthair, Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile.

(vii) Gach Riosca, lena n-áirítear damáiste stoirme, lena ngabhann slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chaillteanas amháin nó sraith caillteanas, leis an mbarrachas bliantúil gan dul thar €5,000,000 san iomlán ina mbeidh aon bharrachas aonair féin-árachais sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €100,000 ina dhiaidh.

(viii) Is é €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa lena ngabhann barrachas €500,000 i ndáil le rothstoc bóthair agus iarnróid agus €150,000 i ndáil le damáiste eile maoine, do gach ceann de na caillteanais.

(ix) Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Iarnród Éireann i ndáil lena n-oibríochtaí ag Calafort Ros Láir:

(a) Clúdach Muirí Dliteanais Tríú Páirtí €12,500,000 d'aon eachtra amháin, ach gan teorainn i rith thréimhse an pholasaí, faoi réir barrachas €150,000 i ndáil le gach eachtra.

## 18. SOLÁTHAIRTÍ DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR (ar lean)

(b) Clúdach Bainte Raice €5,000,000 d'aon eachtra amháin, faoi réir barrachas €12,500 d'aon eachtra amháin agus barrachas 3 lá i ndáil le héilimh Chaillteanas Ioncaim d'aon eachtra amháin.

(c) Clúdach Caillteanas Ioncaim €25,500 sa lá ar feadh uasmhéid 30 lá d'aon eachtra amháin, faoi réir barrachas seacht lá d'aon eachtra amháin.

(d) Clúdach Tionchair Mhuirí do struchtúir liostaithe atá cothrom le €38,575,000, faoi réir barrachas €25,000 do gach ceann de na caillteanais.

(e) Clúdach Muirí Dliteanais Tríú Páirtí agus Barrachas €25,600,000 d'aon eachtra amháin sa bhreis ar €12,500,000 d'aon eachtra amháin.

(f) Clúdach Leantóirí gan Tionlacan €5,000,000 d'aon láthair amháin, faoi réir barrachas €25,000 do gach ceann de na caillteanais.

(g) Mótarfheithiclí gan tionlacan €635,000 d'aon árthach amháin nó tíolacas, €4,450,000 d'aon eachtra amháin, agus €127,500 d'aon fheithicil amháin, faoi réir barrachas €625 do gach ceann de na caillteanais.

(h) Feithiclí inneallghluaiste gan tionlacan nach bhfuil faoi úinéireacht CIÉ/Iarnród Éireann a bhíonn á dtiomáint ag pearsanra Iarnród Éireann laistigh de limistéar Europort, faoi réir teorainneacha tríú páirtí €2,600,000 maidir le dochar do réadmhaoin i leith feithiclí tráchtála agus €30,000,000 i leith carranna príobháideacha.

### (B) Soláthairtí agus gnóthuithe gaolmhara um éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn tuairiscithe (IBNR) don Ghrúpa go fóill. Áirítear le costas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach le linn éilimh a bhainistiú, ach ní áirítear forchostais inmheánacha na dtáillí bainistíochta éileamh. Glacann an Grúpa na céimeanna réasúnta uile le cinntiú go mbíonn an fhaisnéis oiriúnach acu i dtaobh a gcuid neamhchosaintí éilimh. Ar a shon sin, mar gheall ar an neamhchinnteacht a ghabhann le soláthairtí éilimh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Maidir le ríomh chostas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha, ríomhann an Grúpa luachálacha aonair comhad a mbíonn soláthairtí teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach sheachtrach. Tá samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil an eispéiris stairiúil; glactar leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha comhsheasmhach lena tharla roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe ar an timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus tionchar na gcaillteanas mór.

Maidir le meastachán a dhéanamh ar chostas na n-éileamh a fógraíodh ach a bhíonn gan íoc, bíonn aird ag an nGrúpa ar imthosca timpiste arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh chúirte ar dhliteanais lena mbaineann tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don Ghrúpa, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin ina mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite chuig láithreacha na dtimpistí. Is gnách go léireoidh cineálacha éilimh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo, agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán sách ard dá bhrí sin, éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar go mbaineann níos mó deacrachta le meas na gcúlchistí sin.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh mar ollmhéid d'aon aisghabhálacha athárachais nuair is féidir na haisghabhálacha sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil d'aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar nádúr agus ar mhéid chlár athárachais na cuideachta le himeacht ama a léiriú. Déantar measúnú freisin ar in-aisghabhálacht aisghabhálacha athárachais ag féachaint d'fhógra ó bhróicéirí an Ghrúpa maidir le haon athárachóirí atá i mbun tréimhse díscoir.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)



## 19. IONCAM IARCHURTHA

**Grúpa**

| | An 1 Ean. 2010 €000 | Aistrithe/ Imithe ar scor €000 | Faighte agus Infhála €000 | Diúscairtí Sócmhainne Deontas-chúnta €000 | Cuntas Brabúis agus Caillteanais €000 | An 31 Nol. 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Deontais chaipitil** | | | | | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 203,693 | – | 45,503 | – | (6,250) | 242,946 |
| Rothstoc iarnróid | 806,956 | – | 65,929 | – | (68,993) | 803,892 |
| Gléasra agus innealra | 479,391 | – | 89,912 | – | (40,849) | 528,454 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 13,017 | – | – | – | (355) | 12,662 |
| Talamh agus foirgnimh | 589,001 | – | 95,494 | – | (11,821) | 672,674 |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 141,830 | – | – | (36) | (27,309) | 114,485 |
| | 2,233,888 | – | 296,838 | (36) | (155,577) | 2,375,113 |
| **Ioncam iarchurtha eile** | 1,068 | – | – | – | (35) | 1,033 |
| | 2,234,956 | – | 296,838 | (36) | (155,612) | 2,376,146 |
| **Deontais ioncaim** | – | – | 3,372 | – | (3,372) | – |
| **Iomlán** | 2,234,956 | – | 300,210 | (36) | (158,984) | 2,376,146 |

## 19. IONCAM IARCHURTHA (ar lean)

**Grúpa**

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Cionroinnte: | | |
| Ioncam iarchurtha – méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 165,496 | 140,066 |
| Ioncam iarchurtha – méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin | 2,210,650 | 2,094,890 |
| | 2,376,146 | 2,234,956 |

**Cuideachta**

| | An 1 Ean. 2010 €000 | Faighte agus Infhála €000 | Cuntas Brabúis agus Caillteanais €000 | An 31 Nol. 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontais chaipitil** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 588,705 | 94,494 | (11,704) | 671,495 |
| Deontas bonneagair NDP (I.T.) | 368 | – | (309) | 59 |
| Ioncam iarchurtha eile | 19 | – | (1) | 18 |
| **Iomlán** | 589,092 | 94,494 | (12,014) | 671,572 |

| | 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Cionroinnte: | | |
| Ioncam iarchurtha – méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 13,431 | 11,781 |
| Ioncam iarchurtha – méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin | 658,141 | 577,311 |
| | 671,572 | 589,092 |



# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 20. RÉITEACH GLUAISEACHTAÍ I gCÚLCHISTÍ

| | Cúlchiste Caipitil €000 | Cuntas Brabúis agus Caillteanais €000 | Airleacain Stáit Neamh-inaisíoctha €000 | 2010 Cúlchistí Iomlána €000 | 2009 Cúlchistí Iomlána €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 28,556 | (387,204) | 12,511 | (346,137) | (291,684) |
| Easnamh don bhliain | – | (53,597) | – | (53,597) | (77,653) |
| Gnóthachan achtúireach maidir le scéimeanna pinsin | – | 199,400 | – | 199,400 | 23,200 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | 28,556 | (241,401) | 12,511 | (200,334) | (346,137) |
| **Cuideachta** | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 28,556 | 208,464 | 12,511 | 249,531 | 268,490 |
| Barrachas/(easnamh) don bhliain | – | 7,836 | – | 7,836 | (18,959) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | 28,556 | 216,300 | 12,511 | 257,367 | 249,531 |

## 21. RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

### (A) Réiteach easnaimh oibriúcháin chuig sreafaí airgid oibriúcháin

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 €000 | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Easnamh oibriúcháin roimh Oibleagáidí na Seirbhíse Poiblí agus deontais | (321,890) | (371,432) |
| Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus deontais seachas iad sin a chuirtear le hathnuachan | 288,236 | 315,960 |
| | (33,654) | (55,472) |
| Dímheas | 213,502 | 191,131 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | (155,612) | (130,644) |
| Laghdú/(méadú) ar stoic | 15,739 | (9,633) |
| Laghdú ar fhéichiúnaithe | 57,383 | 3,639 |
| Laghdú ar chreidiúnaithe agus ar sholáthairtí | (23,911) | (65,362) |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 73,447 | (66,341) |

## 21. RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID (ar lean)

### (B) Anailís ar shreafaí airgid do ghlanteidil sa ráiteas ar shreabhadh airgid

| | An bhliain dar críoch an 31 Nollaig | |
|---|---|---|
| | **2010 €000** | 2009 €000 |
| **Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh a dhéanamh ar airgeadas** | | |
| Ús a fuarthas | **648** | 2,400 |
| Ús a íocadh | **(1,945)** | (2,081) |
| Gné úis d'íocaíochtaí cíosa léas airgeadais | **(728)** | (1,110) |
| **Eis-sreabhadh glan airgid do thorthaí ar infheistíochtaí agus fónamh a dhéanamh ar airgeadas** | **(2,025)** | (791) |
| | | |
| **Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais** | | |
| Ceannach sócmhainní inláimhsithe | **(415,290)** | (448,951) |
| Diúscairt sócmhainní inláimhsithe | **1,850** | 4,164 |
| Deontais chaipitil Stáit agus an AE | **443,301** | 441,812 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid do chaiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais** | **29,861** | (2,975) |
| | | |
| **Maoiniú** | | |
| Aisíocaíocht fiach | **(91,022)** | (8,902) |
| Áis chun Nóta Gearrthéarma a Eisiúint | **7,000** | 41,000 |
| Gné chaipitil d'íocaíochtaí cíosa léas airgeadais | **(3,281)** | (4,183) |
| **(Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan airgid ó mhaoiniú** | **(87,303)** | 27,915 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 21. RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID (ar lean)

| | Amhail an 1 Ean 2010 €000 | Sreabhadh Airgid €000 | An 31 Nol. 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **(C) Anailís ar ghlanfhiach** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 1,532 | 13,033 | 14,565 |
| Rótharraingtí bainc | (8,364) | 947 | (7,417) |
| | | 13,980 | |
| Fiach dlite i ndiaidh bliain amháin | (40,771) | 40,771 | – |
| Fiach dlite laistigh de bhliain amháin | (50,251) | 43,251 | (7,000) |
| Léasanna airgeadais | (20,531) | 3,281 | (17,250) |
| | | 87,303 | |
| Iomlán | (118,385) | 101,283 | (17,102) |

## 22. PINSIN

Glacann formhór d'fhostaithe an Ghrúpa páirt sna scéimeanna pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar phá inphinsin deiridh. Déantar ranníocaíochtaí an Bhoird, a bhfochuideachtaí agus na bhfostaithe a infheistiú i gcistí faoi riar iontaobhaí.

Cinneann achtúire neamhspleách cáilithe na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta.

Rinneadh athbhreithniú achtúireach an 31 Nollaig 2008. B'ionann luach margaidh shócmhainní na scéimeanna ag an dáta sin agus €1,160,200,000; bhí an figiúr seo cothrom le 67.3% de na sochair a fabhraíodh chun na mball bunaithe ar sheirbhís tugtha agus ar phá inphinsin ag dáta an athbhreithnithe. Tá tuarascálacha achtúireacha ar fáil do bhaill na scéime, ach ní sholáthraítear iad le haghaidh iniúchadh poiblí.

**Leagan amach na Scéime**

Tá dhá scéim le sochar sainithe i bhfeidhm ag an nGrúpa in Éirinn. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe luachálacha achtúireacha an 31 Nollaig 2010.

**Seo a leanas na méideanna a shainaithnítear sa Chlár Comhardaithe:**

| | **2010 €000** | 2009 €000 |
|---|---|---|
| Luach cóir na sócmhainní scéime | **1,344,300** | 1,247,700 |
| Luach láithreach na ndliteanas scéime | **(1,693,000)** | (1,794,700) |
| Easnamh pinsin | **(348,700)** | (547,000) |

## 22. PINSIN (ar lean)

Níltear tar éis aon sócmhainn cháin iarchurtha a shainaithint maidir leis an easnamh pinsin thuas toisc nach dóchúil go mbeidh brabúis inchánach ag an nGrúpa go ceann i bhfad.

**Seo a leanas na méideanna a shainaithnítear sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais:**

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Gearrtha ar an mbrabús oibriúcháin** | | |
| Costas reatha seirbhíse | 33,400 | 29,900 |
| Iarchostas seirbhíse | 3,900 | 3,100 |
| **Iomlán an mhuirir oibriúcháin** | 37,300 | 33,000 |
| **Curtha do shochar ioncam airgeadais eile** | | |
| Ráta ionchais sochair ar shócmhainní na scéime pinsin | 74,900 | 69,300 |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | (94,300) | (94,200) |
| Gnóthachan ciorrúcháin | 800 | - |
| **Glantoradh** | (18,600) | (24,900) |

**Toradh iarbhír ar shócmhainní scéime**

**Seo a leanas na méideanna a shainaithnítear sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána:**

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní na scéime pinsin | 30,600 | 24,200 |
| Gnóthachain ó thaithí ag eascairt as dliteanais scéime | 32,300 | 25,900 |
| Athruithe ar thoimhdí atá mar bhunús le luach láithreach na ndliteanas scéime | 136,500 | (26,900) |
| **Gnóthachan achtúireach a shainaithnítear sa STRGL** | 199,400 | 23,200 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 22. PINSIN (ar lean)

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a shainaithnítear sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána suas leis an mbliain airgeadais, agus an bhliain airgeadais san áireamh, dar críoch an 31 Nollaig 2010 agus €432.073 milliún (2009: €631.464 milliún).

Bunaithe ar chóimheasa reatha ranníocaíochta, is ionann ranníocaíochtaí ionchais na mball agus na bhfostóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 agus €70 milliún.

### Gluaiseacht i sócmhainní agus i ndliteanais na scéimeanna

| | Sócmhainní Scéimeanna €000 | Dliteanais Scéimeanna €000 | Easnamh Scéimeanna €000 |
|---|---|---|---|
| **Amhail an 1 Eanáir 2009** | 1,160,200 | (1,727,800) | (567,600) |
| Costas reatha seirbhíse | – | (29,900) | (29,900) |
| Costas úis | – | (94,200) | (94,200) |
| Toradh ionchais ar shócmhainní scéime | 69,300 | – | 69,300 |
| Méid iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime | 24,200 | – | 24,200 |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais | – | (1,100) | (1,100) |
| Iarchostais seirbhíse | – | (3,100) | (3,100) |
| Glansochar a íocadh | (81,400) | 81,400 | – |
| Ranníocaíochtaí na mball | 20,000 | (20,000) | – |
| Ranníocaíochtaí fostóra a íocadh | 55,400 | – | 55,400 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2009** | 1,247,700 | (1,794,700) | (547,000) |
| Costas reatha seirbhíse | – | **(33,400)** | **(33,400)** |
| Costais úis | – | **(94,300)** | **(94,300)** |
| Toradh ionchais ar shócmhainní scéime | **74,900** | – | **74,900** |
| Méid iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime | **30,600** | – | **30,600** |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais | – | **168,800** | **168,800** |
| Iarchostais seirbhíse | – | **(3,900)** | **(3,900)** |
| Gnóthachan ciorrúcháin | | **800** | **800** |
| Glansochar a íocadh | **(83,700)** | **83,700** | – |
| Ranníocaíochtaí na mball | **20,000** | **(20,000)** | – |
| Ranníocaíochtaí fostóra a íocadh | **54,800** | – | **54,800** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2010** | **1,344,300** | **(1,693,000)** | **(348,700)** |

Eascraíonn dliteanais uile na scéimeanna thuas as scéimeanna atá maoinithe go hiomlán.

## 22. PINSIN (ar lean)

### Rioscaí agus luaíochtaí ag eascairt ó shócmhainní

Amhail an 31 Nollaig 2010, infheistíodh na sócmhainní i bpunann éagsúlaithe ina raibh urrúis chothromais agus féich agus réadmhaoine go príomha. B'ionann luach cóir na sócmhainní ag deireadh na bliana agus €1,344,359. Ba iad seo a leanas luach cóir na gcatagóirí sócmhainne mar chéatadán de shócmhainní na scéimeanna iomlána:

| | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **%** | % |
| Cothromas | **48.9** | 48.2 |
| Réadmhaoin | **8.7** | 9.6 |
| Bannaí | **32.5** | 37.2 |
| Eile | **9.9** | 5.0 |
| **Iomlán** | **100** | 100 |

Ní áirítear aon ghnáthscaireanna arna n-eisiúint ag an nGrúpa le sócmhainní na scéimeanna. Sa bhreis ar sin, ní áirítear réadmhaoin ar áitiú ag an nGrúpa, nó sócmhainní eile arna n-úsáid ag an nGrúpa, le sócmhainní na scéimeanna.

### An bunús atá leis an ráta ionchais sochair ar shócmhainní scéime

Glacann an Grúpa le cur chuige an bhloic thógála nuair a bhíonn an ráta sochair á chinneadh ar shócmhainní na scéime pinsin. Déantar staidéar ar mhargaí stairiúla agus toimhdítear sócmhainní lena ngabhann luaineacht níos airde chun sochair níos airde a ghiniúint atá comhsheasmhach le prionsabail mhargadh chaipitil a nglactar leo go forleathan. Maidir le cothromas, is é 7.4% an toradh ionchais agus meastar go sáróidh sé toradh na mbannaí faoi thart ar 3% ar an meán. Is é 6.4% an ráta ionchais sochair le haghaidh sócmhainní réadmhaoine agus is é 4.2% an ráta le haghaidh sócmhainní eile. Dá bhrí sin, is é 6% an ráta foriomlán ionchais sochair ar shócmhainní na scéimeanna an 31 Nollaig 2010 (2009: 6%).

### Toimhdí Airgeadais

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh sna luachálacha:

| | **An 31 Nol. 2010** | An 31 Nol. 2009 |
|---|---|---|
| | **% sa bhliain** | % sa bhliain |
| Ráta lascaine | **5.30** | 5.30 |
| Boilsciú | **2.00** | 2.25 |
| Méaduithe ar phinsin** | **3.00** | 3.25 |
| Méaduithe ar thuarastail** | **3.00** | 3.25 |

** Páshosadh, i.e. méadú 0% do 2011-2013 agus méaduithe 2.5% sa bhliain do 2014-2015, agus ag filleadh ar thoimhdí fadtéarmacha ina dhiaidh sin.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 22. PINSIN (ar lean)

### Toimhdí mortlaíochta

Leagtar amach toimhdí maidir le heispéireas mortlaíochta amach anseo bunaithe ar fhaisnéis ó staitisticí foilsithe agus roghnaítear iad chun léargas a thabhairt ar shaintréithe agus ar eispéireas na ballraíochta sna scéimeanna ábhartha. Tá na rátaí mortlaíochta a úsáidtear bunaithe ar tháblaí caighdeánacha mortlaíochta a fhaightear ó eispéireas na R.A. arna gcoigeartú le héifeacht ón 31 Nollaig 2010 le feabhsúcháin mhortlaíochta a éascú amach anseo i gcomhréir le cur chuige an CSO chun tabhairt faoi réamh-mheastacháin daonra. Seo a leanas an meánionchas saoil, i mblianta, do

| | An 31 Nol. 2010 | An 31 Nol. 2010 | An 31 Nol. 2009 | An 31 Nol. 2009 |
|---|---|---|---|---|
| | Fear | Bean | Fear | Bean |
| 45 bliain d'aois faoi láthair | **24.8** | **25.9** | 21.8 | 24.8 |
| 65 bliain d'aois faoi láthair | **22.3** | **23.7** | 21.1 | 24.2 |

**Stair luachanna sócmhainne, luach láithreach na ndliteanas, easnamh sna Scéimeanna agus gnóthachain agus caillteanais ó thaithí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig**

| | **2010 €000** | 2009 €000 | 2008 €000 | 2007 €000 | 2006 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Luach cóir na sócmhainní scéime | **1,344,300** | 1,247,700 | 1,160,200 | 1,549,000 | 1,545,300 |
| Luach láithreach na ndliteanas maoinithe | **(1,693,000)** | (1,794,700) | (1,727,800) | (1,711,800) | (1,770,000) |
| Easnamh sa scéim | **(348,700)** | (547,000) | (567,600) | (162,800) | (224,700) |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar shócmhainní scéime | **30,600** | 24,200 | (491,700) | (77,600) | 62,900 |
| Céatadán de luach láithreach na sócmhainní scéime | **2.3%** | 1.9% | (42.4)% | (5.0)% | 4.1% |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime** | **32,300** | 25,900 | (59,600) | (62,000) | (21,700) |
| Céatadán de luach láithreach na ndliteanas scéime | **1.9%** | 1.4% | (3.4)% | (3.6)% | (1.2%) |

** Is éard atá sa mhír seo gnóthachain/(caillteanais) i leith eispéireas dliteanais amháin agus eisiatar aon athruithe ar dhliteanais i leith athruithe ar na toimhdí achtúireacha a úsáidtear.

## 23. TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ar conradh le haghaidh | 50,288 | 179,920 |
| Údaraithe ag an mBord, ach gan a bheith ar conradh le haghaidh | 396,340 | 455,298 |
| | 446,628 | 635,218 |

Formheasadh deontais chaipitil €395.2 milliún i ndáil leis an gcaiteachas thuas (2009: €614.5 milliún).

## 24. MALAIRT EACHTRACH AGUS TIOMANTAIS OLA

Amhail an 31 Nollaig 2010, bhí Córas Iompair Éireann tiomanta do cheannach STG£1.8 milliún, do dhíol US$15 milliún agus do cheannach US$41.0 milliún faoi réamhchonarthaí airgeadra a bheadh ag dul in éag i gcaitheamh na bliana 2011. B'ionann luach cóir na gconarthaí seo amhail an 31 Nollaig 2010 agus caillteanas €1.4 milliún.

Amhail an 31 Nollaig 2010, bhí Córas Iompair Éireann tiomanta freisin d'ola a cheannach faoi chonarthaí malartaithe tráchtearraí ar luach US$78.2 milliún a bheadh ag dul in éag i gcaitheamh 2011 agus 2012. B'ionann luach cóir na gconarthaí seo amhail an 31 Nollaig 2010 agus brabús €9.9 milliún.

## 25. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

**Dlíthíocht ar feitheamh**

Ó am go chéile, bíonn an Grúpa ina bpáirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim an Bhoird, nach mbeidh caillteanais, más ann dóibh, a éiríonn as baint leis na nithe sin de bhreis ar sholáthairtí sna ráitis airgeadais go hábhartha.

**Léasanna airgeadais**

Faoi théarmaí na léasanna airgeadais, tá dliteanais theagmhasacha ann ina mbeidh athruithe ábhartha ar cháin a mbeidh tionchar acu ar dhliteanais chánach an léasóra i leith ioncam léasa á bhfritháireamh ag coigeartuithe cuí ar chíosanna léasa.

**Litreacha creidmheasa**

De réir na gcomhaontuithe léasa a bhaineann le rothstoc iarnróid, tá oibleagáidí áirithe ag an mBord maidir leis an léasóir a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcás deireadh a chur le comhaontuithe go luath. Tá na hoibleagáidí seo clúdaithe ag litreacha creidmheasa arna slánú ag Bord Chóras Iompair Éireann. Níltear ag súil le teacht chun cinn aon dliteanais i ndáil leis an tslánaíocht sin.

**Deontais infhaighte**

Bíonn gach iarratas ar dheontas a dhéantar chuig an AE faoi réir dianphróiseas iniúchta. Tá muinín ag an nGrúpa go bhfuil siad ag cloí le nósanna imeachta agus le coinníollacha an AE, ach go dtí go mbeidh an tuarascáil deiridh ar fáil tá an seans ann go bhféadfaí roinnt gnéithe de chaiteachas atá le héileamh nó atá éilithe cheana a mheas bheith neamh-incháilithe. Faoi na himthosca seo, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh cuid den mhaoiniú nó an maoiniú ar fad do thionscadail ar leith infhaighte agus d'fhéadfadh roinnt deontas a fuarthas go dtí seo bheith in-aisíoctha.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 26. OIBLEAGÁIDÍ LÉASA

### (A) Léasanna airgeadais

| | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Tá glanoibleagáidí faoi léasanna airgeadais dlite mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin *(nóta 15)* | **3,484** | 3,281 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **13,766** | 15,289 |
| I ndiaidh cúig bliana | **-** | 1,961 |
| | **13,766** | 17,250 |
| **Iomlán** | **17,250** | 20,531 |

Thug an tAire Airgeadais ráthaíocht iomlán maidir leis na léasanna airgeadais thuas.

### (B) Léasanna oibriúcháin

Éagann ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin iníoctha nach bhféadfaí a chur ar ceal mar seo a leanas:

| | **Gléasra agus trealamh/ mótarfheithiclí €000** |
|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | 1,466 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 1,263 |
| | **2,729** |

## 27. IDIRBHEARTA PÁIRTÍ GHAOLMHAIR

### (A) Úinéireacht na cuideachta

Is comhlacht reachtúil iad CIÉ a bunaíodh faoin Acht Iompair, 1950.

Ceapann an tAire Iompair baill an Bhoird.

### (B) Soláthar seirbhísí d'aonáin faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann

Soláthraíonn an Grúpa seirbhísí iompair iarnróid agus bóthair i ngnáthchúrsa an ghnó do ranna Rialtais agus d'aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann; áirítear leis na príomhchinn acu sin an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Coillte, an Post, na comhairlí contae éagsúla agus Bainc-Aontas Éireann. B'ionann agus €252.6 milliún an t-ioncam ó na seirbhísí seo in 2010 agus bhí €19.9 milliún dlite ó na haonáin seo don Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2010 as na seirbhísí seo.

## 27. IDIRBHEARTA PÁIRTÍ GHAOLMHAIR (ar lean)

### (C) Ceannach seirbhísí ó aonáin faoi úinéireacht Rialtas na hÉireann

I ngnáthchúrsa a gcuid gnó, ceannaíonn an Grúpa seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann; áirítear leis na príomhchinn acu sin BSL, Bord Gáis, na comhairlí contae éagsúla agus Bainc-Aontas Éireann. B'ionann agus €15.0 milliún an caiteachas ar na seirbhísí seo in 2010 agus bhí €0.4 milliún dlite do na haonáin seo ón Grúpa amhail an 31 Nollaig 2010 as na seirbhísí seo.

## 28. BALLRAÍOCHT AN GHRÚPA

| Ainm | Príomhghníomhaíocht |
|---|---|
| **Cuideachta shealbhaíochta:** | |
| Córas Iompair Éireann | - Seirbhísí iompair phoiblí |
| **Fochuideachtaí** (ar fad faoi lánúinéireacht) | |
| Iarnród Éireann-Irish Rail | - Seirbhísí iarnróid phoiblí (paisinéirí agus lasta) |
| Bus Éireann-Irish Bus | - Seirbhísí bus phoiblí do phaisinéirí |
| Bus Átha Cliath-Dublin Bus | - Seirbhísí bus phoiblí do phaisinéirí |
| Turais Idirnáisiúnta CIÉ Corpraithe | - Turais |

Tá Iarnród Éireann-Irish Rail, Bus Éireann-Irish Bus agus Bus Átha Cliath-Dublin Bus corpraithe agus oibríonn siad go príomha i bPoblacht na hÉireann. Tá na trí chuideachta seo corpraithe faoi fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009, mar fhochuideachtaí faoi lánúinéireacht Chóras Iompair Éireann de réir Alt 6 den Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986. Tá gnáthscair chaipitil i gceist le leasanna iomlána an Ghrúpa sna fochuideachtaí.

Tá Turais Idirnáisiúnta CIÉ corpraithe i Nua-Eabhrac agus oibríonn siad i Meiriceá Thuaidh.

Seo a leanas oifigí cláraithe na bhfochuideachtaí:

| | |
|---|---|
| Iarnród Éireann-Irish Rail | Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 1. |
| Bus Éireann-Irish Bus | An Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7. |
| Bus Átha Cliath-Dublin Bus | 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1. |
| Turais Idirnáisiúnta CIÉ Corpraithe | 10 Park Place, Suite 510,<br>P.O. Box 1965, Morristown NJ 07962-1965. |

## 29. FORMHEAS NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhormheas an Bord na ráitis airgeadais an 6 Aibreán 2011.

CIE

Córas Iompair Éireann